

ionracas
cóid iompraíochta

20

an eitic
cúrsaí toghcháin

10

caighdeán

trédhearcachta



Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

Tuarascáil Bhliantúil 2010

An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

Teil: (01) 6395666

Facs: (01) 6395684

Rphost: sipo@sipo.gov.ie

Suíomh idirlín: www.sipo.gov.ie

PRN: A11/0875

ISSN: 2009-3217

Deartha ag:  **catalysto**



Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

Tuarascáil Bhliantúil 2010

Clár

Brollach	5
Na Comhaltaí	6
Réamhrá leis an gCathaoirleach	7
Caibidil 1 - Obair an Choimisiúin um Chaighdeán	11
Na hAchtanna um Eitic	11
Achtanna Toghcháin	15
An tAcht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú) 2001, (an tAcht um Liúntas Ceannairí Páirtí)	16
Caibidil 2 – An Eitic	19
Gearáin	19
Cóid Iompraíochta	24
Creatlach um Eitic don tSeirbhís Rialtais Áitiúil	25
Cruinniú le Coiste Thionól Thuaisceart Éireann um Chaighdeán agus Pribhléidí agus le Coiste Dháil Éireann um Leasanna Comhaltaí	25
Leasanna a Nochtadh	26
Raon Feidhme na nAchtanna um Eitic	27
Caibidil 3 – Cúrsaí Toghcháin	31
Síntiúis a Nocht Teachtaí Dála, Seanadóirí agus Feisirí Eorpacha i leith 2010	31
Ráitis Síntiús a fuarthas ó dheontóirí aonair	33
Síntiúis a nocht páirtithe polaitíochta	33
Maoirseacht ar Fhothoghchán Dála Dhún na nGall Thiar Theas	34
Tuairisceáin ó na hAonaid Chuntasaíochta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009	36
Triú Páirtithe	37
Maoiniú páirtithe polaitíochta ag an Státchiste	41
Aguisín 1 – Moltaí le haghaidh athruithe	45
Aguisín 2 – Foilseacháin an Choimisiúin um Chaighdeán in 2010	49
Aguisín 3 – Gluais Téarmaí	50
Aguisín 4 – Costais in 2010	56
Aguisín 5 – Tuairisc Bhliantúil maidir leis an Éifeachtúlacht Fuinnimh	57



Brollach

De réir fhorálacha alt 27(2)(a) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, is mór agam Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí i gcomhair 2010 a chur ar fáil don Aire Airgeadais.

A handwritten signature in black ink, which appears to read 'M. P. Smith'. The signature is written in a cursive style.

M. P. Smith, Breitheamh
Cathaoirleach
An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí

Meitheamh 2011

Na Comhaltaí



**An Breitheamh
M.P. Smith**
Cathaoirleach



Michael Smith
Iar-Theachta Dála




Deirdre Lane
Cleireach Sheanad
Éireann



John Buckley
Ard-Reachtair Cuntas
agus Ciste



Emily O'Reilly
Ombudsman



Kieran Coughlan
Cleireach Dháil
Éireann

Réamhrá leis an gCathaoirleach

In imeacht na mblianta, tá an-chuid moltaí déanta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin le haghaidh leasuithe ar an reachtaíocht Toghcháin agus ar an reachtaíocht um Eitic araon. Tá roinnt de na moltaí sin curtha chun suntais arís in Aguisín 1 a ghabhann leis an tuarascáil bhliantúil seo. Cuireann an Coimisiún um Chaighdeáin fáilte roimh na tograí atá i gClár an Rialtais um Théarnamh Náisiúnta 2011 - 2016 le haghaidh athruithe fadréimseacha sa dá réimse lena dtabharfar aghaidh ar go leor de na nithe atá ina n-údar inní don Choimisiún.

Cuimsíonn an reachtaíocht um Eitic idir na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí agus an tAcht Rialtais Áitiúil 2001 agus is reachtaíocht chasta í ina bhfuil go leor aimhrialtachtaí. Mar shampla, foráiltear le Cuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, lena bpléitear leis an gcreatleach eitice do chomhaltaí agus d'fhostaithe na n-údarás áitiúil, le haghaidh raoin leathain de chionta i gcás go sárófar ceanglais áirithe atá san Acht, mar shampla, i gcás go dteipfidh ar dhuine leas incláraithe a nochtadh. I gcodarsnacht leis sin, ní fhoráiltear sna hAchtanna um Eitic le haghaidh smachtbhannaí coiriúla i gcás go sárófar ceanglais chomhchosúla.

Thairis sin, ní shonraítear aon mheicníocht shoiléir le gearán a dhéanamh i gCuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil agus is údar mearbhaill agus frustrachais é sin do dhaoine den phobal a thagann ar an eolas faoi ghníomhaíocht mhíchúí sa rialtas áitiúil. Cuireadh fabhtanna sa mheicníocht maidir le gearáin chun suntais i gcás a bhain le gearán i gcoinne fostaí de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo a dtugtar níos mó sonraí ina thaobh níos déanaí sa tuarascáil seo. Tar éis don Choimisiún imscrúdú a dhéanamh sa chás seo, scríobh mé chuig an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoi mheicníocht shonrach maidir le gearáin a bheith in easnamh agus faoi nithe eile a bhí ina n-údar inní don Choimisiún agus a tháinig chun cinn de bharr an cháis.

Rud mór atá ina údar inní de bharr an cháis sin i Maigh Eo ab ea go raibh taifid a bhain le húsáid a baineadh as cistí suntasacha poiblí go hiomlán in easnamh. Níor cheart go gcuirfí suas le fíor-dhroch-chleachtais dá leithéid agus caithfear déanamh

fíorchinnte nach dtarlóidh a leithéid in aon áit choíche arís. Dá réir sin, d'iarr mé ar an Aire go ndéanfaí athbhreithniú ar bhonn náisiúnta ar an úsáid a bhaineann comhaltaí na n-údarás áitiúil as cistí lánroghnacha d'fhonn a chinntiú go n-úsáideann údaráis áitiúla cistí poiblí, atá tearc go leor, ar mhaithe le leas an phobail, agus ní ar mhaithe le leas daoine príobháideacha, cibé acu an fostaithe údaráis áitiúil atá i gceist, comhaltaí údaráis áitiúil nó aon daoine eile.

In 2008, mhol an Coimisiún don Aire Airgeadais, atá freagrach as an Reachtaíocht um Eitic, go leasófaí an dlí chun a chumasú don Choimisiún suí chun imscrúdú a éisteacht nó chun críocha cinnidh a bhaineann le himscrúdú, agus córam idir 3 agus 6 chomhalta den Choimisiún i láthair. Éilítear leis an dlí atá i réim faoi láthair go mbeidh 6 chomhaltaí uile an Choimisiúin i láthair le haghaidh suíonna dá leithéid. Ní ionann é sin agus an nós atá ann le haghaidh ghnáthchruinnithe den Choimisiún, mar ar leor córam de 3 chomhaltaí. Mar gheall go bhfuil ualaí troma oibre ar chomhaltaí *ex officio* an Choimisiúin cheana féin - an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, an tOmbudsman agus Cléirigh Dháil agus Sheanad Éireann – a thagann de bharr a gcuid dualgas oifigiúil, bíonn sé an-deacair, uaireanta gan ach fíorbheagán d'fhógra a thabhairt do na comhaltaí, dátaí agus amanna a aimsiú a mbeidh na comhaltaí ar fad saor le freastal ar chruinnithe. Is mó a thiocfadh a leithéid de laghdú ar líon na gcomhaltaí a bheadh éigeantach, leis na héilimh reatha atá ann maidir leis an éifeachtúlacht a chinntiú cibé huair is féidir.

Maidir leis an gceanglas go bhfreastalóidh seisear comhaltaí uile an Choimisiúin ar shuí le himscrúdú a éisteacht, d'fhéadfadh moilleanna teacht dá bharr sin maidir le himscrúduithe a thabhairt chun críche; níl sé sin ceart ná cóir d'aon duine a bhíonn i gceist leis na himscrúduithe sin, gan trácht ar an duine a bhfuil gearán déanta ina choinne nó ina coinne. D'fháilteodh an Coimisiún roimh chomhartha go bhfuiltear ag cuimhneamh go fabhrach ar an moladh a rinne sé in 2008. D'fhéadfadh an t-am a bheith áisiúil fosta le socruithe a dhéanamh le haghaidh bealaí eile imscrúdaithe, a bheidh níos solúbtha, go háirithe do chásanna mionchúiseacha, agus an éisteacht phoiblí iomlán a fhágáil le haghaidh cásanna níos tromchúisí.

Tá neamhspleáchas an Choimisiúin faoi shainordú de bharr reachta – foráiltear le halt 33 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 go mbeidh an Coimisiún agus a chomhaltaí neamhspleách agus a bhfeidhmeanna faoin reachtaíocht á bhfeidhmiú acu. Cuirtear tuarascálacha bliantúla an Choimisiúin ar fáil don Aire Airgeadais, áfach, a chaithfidh an tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas faoi cheann 2 mhí. Is é an gníomh sin ó thaobh an tuarascáil a leagan faoi bhráid an Tí a spreagann foilsíú agus scaipeadh na tuarascála chuig comhaltaí an Oireachtais agus chuig an bpobal. Ní bhíonn smacht ag an gCoimisiún mar sin ar dháta foilsithe a thuarascála

féin mar sin agus ní cuí a leithéid do chomhlacht neamhspleách. Aithnítear é sin sna hAchtanna Toghcháin sa mhéid go dtuairiscíonn an Coimisiún chuig an Oireachtas agus ní chuig an Aire. I gcodarsnacht leis an gCoimisiún, cuireann sealbhóirí oifige neamhspleácha, amhail an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste agus an tOmbudsman, a gcuid tuarascálacha faoi bhráid an Oireachtais go díreach. Creideann an Coimisiún gur cheart go dtuairisceodh sé chuig an Oireachtas go díreach freisin faoi na hAchtanna um Eitic.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo Chomhchoimisinéirí as a rannchuidiú i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann ár rúnaíochta agus lenár rúnaí freisin as a bheith chomh héifeachtúil, diombháilte agus tiomanta dá n-obair i rith 2010.

trédhearcachta
ionracas



Caibidil 01

Caibidil I - Obair an Choimisiúin um Chaighdeáin

Tá ról maoirseachta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin -

- faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, arna leasú leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, (na hAchtanna um Eitic);
- faoin Acht Toghcháin 1997, arna leasú, (na hAchtanna Toghcháin);
- faoin Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú) 2001, (an tAcht um Liúntas Ceannairí Páirtí).

Tugtar tuairisc ghairid sa chaibidil seo ar phríomhghnéithe na reachtaíochta agus feidhmeanna an Coimisiúin um Chaighdeáin.

Na hAchtanna um Eitic

Léargas Ginearálta ar na hAchtanna um Eitic

Is é an príomhrud ar a ndírítear san Acht socrú a dhéanamh chun leasanna a nochtadh, lena n-áirítear aon fhachtóirí ábhartha a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar Aire Rialtais nó ar Aire Stáit, ar chomhalta de Thithe an Oireachtais nó ar fhostaí sa tseirbhís phoiblí le linn dóibh a bheith ag comhlíonadh a gcuid dualgas oifigiúil. Is é príomhchuspóir na reachtaíochta go léireofar nach bhféachfaidh daoine a ghlacann páirt sa saol poiblí le buntáiste pearsanta a bhaint as torthaí a ngníomhartha. Chun an cuspóir sin a chomhlíonadh, tá creatlach reachtúil curtha i bhfeidhm chun an próiseas lena nochtáítear leasanna a rialáil agus lena chinntiú go ndéantar bearta eile ionas go gcomhlíonfar raon leathan na n-oibleagáidí a thagann chun cinn faoin reachtaíocht. Tá an reachtaíocht bunaithe ar an bprionsabal go nglactar leis gur daoine ionraice daoine a ghlacann páirt sa saol poiblí ach aithnítear leis an reachtaíocht gur cheart go mbeadh bearta sonracha ann chun bheith mar bhonn agus mar thaca leis an bpróiseas lena gcomhlíonfar an reachtaíocht.

Ní mór do chomhaltaí uile dhá Theach an Oireachtais, don Ard-Aighne agus do dhaoine a cheaptar in oifigí sinsearach a gcomhlachtaí poiblí fianaise gur comhlíonadh oibleagáidí cánach a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán freisin. Éilítear leis an reachtaíocht go n-ullmhófar cóid iompraíochta do ghnáthchomhaltaí na dTithe, do shealbhóirí oifige (féach ar an sainmhíniú in Agusín 3) agus d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí.

Tá ról ag an gCoimisiún um Chaighdeán i ndáil leis an gCreatlach um Eitic don tSeirbhís Rialtais Áitiúil ar foráladh lena aghaidh i gCuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001. Ní mór don Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil dul i gcomhairle leis an gCoimisiún i ndáil leis na cóid iompraíochta do chomhaltaí na n-údarás áitiúil nó d'fhostaithe na n-údarás áitiúil. Is féidir leis scrúdú a dhéanamh freisin ar ghearáin maidir le Cuid 15 a bheith sáraithe ag comhaltaí nó fostaithe na n-údarás áitiúil.

Feidhmeanna an Choimisiúin um Chaighdeán faoi na hAchtanna um Eitic

Is iad príomhfeidhmeanna an Choimisiúin um Chaighdeán comhairle agus treoirlínte a sholáthar maidir leis na hAchtanna um Eitic a chomhlíonadh, an próiseas lena nochtáitear leasanna a riaradh chomh maith leis na réimis um imréiteach cánach agus imscrúdú a dhéanamh ar chásanna maidir le daoine a bhféadfadh an reachtaíocht a bheith sáraithe acu agus tuairisc a thabhairt ina dtaobh. Baineann na feidhmeanna sin de chuid an Choimisiúin um Chaighdeán le sealbhóirí oifige agus le fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus, i ndáil leis na bearta maidir le hoibleagáidí cánach a chomhlíonadh, le comhaltaí uile Thithe an Oireachtais. Seachas cúrsaí a bhaineann le himréiteach cánach, tá feidhmeanna ag na Coistí um Leasanna Comhaltaí atá sa dá Theach den Oireachtas atá cosúil leis na feidhmeanna de chuid an Choimisiúin um Chaighdeán a bhaineann le comhaltaí na dTithe nach sealbhóirí oifige iad.

Ráitis Leasanna

Faoi fhorálacha na nAchtanna um Eitic maidir le leasanna a nochtadh, soláthraíonn an Coimisiún um Chaighdeán foirmeacha le haghaidh na ráiteas bliantúil maidir le leasanna incláraithe do chomhaltaí an Oireachtais, a bhfuil sé de cheangal orthu ráiteas maidir le haon leasanna incláraithe a chur ar fáil don Choimisiún. Cuireann an Coimisiún na ráitis sin ar aghaidh chuig Cléireach Dháil Éireann nó chuig Cléireach Sheanad Éireann de réir mar is cuí, a fhoilsíonn cláir leasanna na gcomhaltaí.

Éilítear leis na hAchtanna um Eitic go gcuirfidh sealbhóirí oifige (i ndáil le leasanna céile, linbh nó linbh céile), an tArd-Aighne, stiúrthóirí ainmnithe (féach ar an sainmhíniú in Agusín 3) agus comhairleoirí speisialta ráitis leasanna ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán. Riarann an Rúnaíocht an próiseas maidir leis na ráitis sin a fháil agus a choinneáil, agus seolann ráitis nár comhlánaíodh i gceart ar ais chuig daoine lena leasú freisin.

Cóid Iompraíochta

Téitear i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chaighdeáin maidir le Cóid Iompraíochta a bheartaítear faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 agus ceanglaítear ar an gCoimisiún aon chóid den sórt sin a ghlactar faoin reachtaíocht a fhoilsiú.

Imréiteach Cánach

Ceanglaítear ar chomhaltaí an Oireachtais nuair a thoghtar iad agus ar fhostaithe sinsearacha sa tseirbhís phoiblí agus stiúrthóirí nuair a cheaptar in 'oifig shinsearach' iad dearbhú reachtúil a sholáthar chomh maith le deimhniú imréitigh cánach nó ráiteas iarratais don Choimisiún um Chaighdeáin faoi cheann 9 mí ó thráth a dtofa nó a gceaptha. Riarann an Rúnaíocht na forálacha maidir le himréiteach cánach, cuireann na hoibleagáidí atá ar chomhaltaí tofa agus ar dhaoine a cheaptar in oifig shinsearach faoin reachtaíocht in iúl dóibh nuair a fhógraíonn comhlachtaí poiblí a gceapacháin don Choimisiún agus cinntíonn an Rúnaíocht go gcomhlíontar na ceanglais. Foráiltear leis an reachtaíocht le haghaidh cásanna ina sáraítear an reachtaíocht a imscrúdú agus tuairisc a thabhairt i ndáil leo.

Treoirínite

Foilsíonn an Coimisiún um Chaighdeáin treoirínite reachtúla do dhaoine a bhfuil oibleagáidí orthu faoin reachtaíocht maidir le forálacha na nAchtanna um Eitic a chomhlíonadh. Ceanglaítear ar na daoine sin gníomhú de réir na dtreoirínite ach amháin sa chás go sárófaí foráil eile sna hAchtanna um Eitic dá ndéanfaí an gníomh atá i gceist. Déantar athbhreithniú ar na treoirínite go tráthrialta chun leasuithe a dhéantar ar fhorálacha na reachtaíochta a chur san áireamh nó cúrsaí atá tagtha chun cinn ó foilsíodh an t-eagrán roimhe a shoiléiriú. Tá treoirínite foilsithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin do shealbhóirí oifige agus d'fhosaithe sa tseirbhís phoiblí. Tá siad sin le fáil ar a shuíomh idirlín. Foilsíonn an Coiste ábhartha um Leasanna Comhaltaí treoirínite do chomhaltaí an Oireachtais nach sealbhóirí oifige iad.

Comhairle

Tarmligeann an Coimisiún um Chaighdeáin freagracht chun comhaltaí ainmnithe d'fhoireann na rúnaíochta chun comhairle a sholáthar do dhaoine a iarrann í i ndáil lena n-oibleagáidí reachtúla faoi na hAchtanna um Eitic. Ceanglaítear ar na daoine sin gníomhú de réir na comhairle a thugtar ach amháin sa chás go sárófaí foráil eile sna hAchtanna um Eitic dá ndéanfaí an gníomh atá i gceist. Nuair a iarrtar amhlaidh, ní mór comhairle a sholáthar faoi cheann 21 lá nó, de rogha air sin, féadfaidh an Rúnaíocht diúltú comhairle a thabhairt. De ghnáth, is i scríbhinn a sholáthrófar aon comhairle shubstainteach.

Gearáin

Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeán gearáin a fháil faoi chás inar sháraigh sealbhóir oifige, an tArd-Aighne, stiúrthóir ainmnithe, fostaí ainmnithe nó comhairleoir speisialta na hAchtanna um Eitic. Féadfaidh sé gearáin a fháil faoi 'ghníomh sonraithe' a rinne 'duine sonraithe' (féach ar na sainmhínithe in Aguisín 3). Féadfaidh sé gearáin a fháil faoi chás inar sháraigh comhalta nó fostaí údaráis áitiúil Cuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 freisin. Ní féidir leis glacadh le gearáin faoi chomhalta de chuid an Oireachtais nach sealbhóir oifige é nó í, toisc go bhforáiltear leis an reachtaíocht nach mór gearán den sórt sin a dhéanamh le Cléireach Dháil Éireann nó le Cléireach Sheanad Éireann de réir mar is cuí, a bhreithneoidh cibé acu ar chóir an gearán a chur ar aghaidh chuig an gCoiste ábhartha um Leasanna Comhaltaí.

Féadfaidh duine ar bith gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeán faoi na teidil thuas, cé go ndéantar foráil ar leith sa reachtaíocht le haghaidh gearán ó chatagóirí áirithe daoine, amhail comhaltaí, Airí nó ceannasaithe comhlachtaí.

Ar an gCoimisiún gearán d'fháil, féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeán breithniú cibé acu an bhfuil údar ann faoin reachtaíocht le himscrúdú a thionscnamh. Féadfaidh sé amhlaidh a dhéanamh ar bhonn na fianaise a bheidh ar fáil dó. Féadfaidh sé Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh freisin chun cabhrú leis an chás a bhreithniú trí réamhfiosrúchán a dhéanamh. Féadfaidh an tOifigeach Fiosrúcháin ráiteas a lorg ón ngearánaí agus/nó agallamh a chur air/uirthe agus/nó agallamh a chur ar an duine a ndearnadh an gearán ina c(h)oinne agus ráiteas a lorg uaidh/uaithi nó ó dhuine ar bith eile a mbeadh nó a bhféadfadh, a f(h)ianaise a bheith bainteach leis an bhfiosrúchán, dar leis an Oifigeach Fiosrúcháin. Féadfaidh sé nó sí iarraidh go dtabharfaí aon cháipéisí a mheastar a bheith bainteach leis an bhfiosrúchán ar aird freisin. Tar éis an fhiosrúcháin sin, ceanglaítear ar an Oifigeach tuairisc a ullmhú maidir le torthaí an fhiosrúcháin agus an tuairisc sin a chur ar fáil, in éineacht le haon ráitis agus cáipéisí eile a cuireadh ar fáil don oifigeach i rith an fhiosrúcháin. Ní mór gan aon "cinneadh nó torthaí de bharr an fhiosrúcháin" a bheith sa tuairisc ach, má iarrann an Coimisiún amhlaidh, léireofar tuairim an oifigigh sa tuairisc maidir le cibé acu an bhfuil fianaise *prima facie* ann chun bheith mar bhonn leis an ngearán.

Fiosrúcháin a Dhéanaimid ar ár gConlán Féin

Le cois gearáin a fháil, is féidir leis an gCoimisiún um Chaighdeán cinneadh a dhéanamh imscrúdú a thionscnamh maidir le chás inar sáraíodh na hAchtanna um Eitic nó Cuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil nó maidir le 'ghníomh sonraithe', i gcás go measann sé gur cuí amhlaidh a dhéanamh. Cé nach bhfuil forálacha sonracha sa reachtaíocht maidir leis sin, ní dhéanfaidh an Coimisiún amhlaidh ach amháin sa chás go measfaidh sé go raibh fianaise *prima facie* ann gur sáraíodh an reachtaíocht nó go ndearnadh

'gníomh sonraithe'. Agus an Coimisiún ag breithniú cibé acu an bhfuil údar ann le himscrúdú agus gan gearán a bheith déanta, **níl** sé de chumhacht ag an gCoimisiún um Chaighdeáin Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh chun cabhrú leis ina chuid breithniúchán.

Imscrúduithe

Nuair a chinneann sé amhlaidh a dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin imscrúdú de réir fhorálacha na nAchtanna um Eitic. Foráiltear leis an reachtaíocht go reáchtáilfidh an Coimisiún suíonna chun críocha imscrúdú agus go bhféadfaidh sé aighneachtaí agus fianaise a fháil de réir mar is cuí dar leis ag na suíonna sin. Déantar socrú chun finnétithe a chroscheistiú. Nuair a chuirtear clabhsúr le himscrúdú, ullmhaíonn an Coimisiún um Chaighdeáin tuairisc faoi thoradh an imscrúdaithe, a sholáthraítear do na páirtithe leasmhara agus do dhaoine eile a shonraítear sa reachtaíocht.

Achtanna Toghcháin

Léargas Ginearálta ar na hAchtanna Toghcháin

Áirítear ar chuspóirí na nAchtanna Toghcháin socrú a dhéanamh chun síntiúis chun críocha polaitíochta a nochtadh, chun caiteachas iarrthóirí agus páirtithe polaitíochta ag toghcháin a rialáil, agus socrú a dhéanamh maidir le híocaíochtaí do pháirtithe polaitíochta agus d'iarrthóirí.

Feidhmeanna an Choimisiúin um Chaighdeáin faoi na hAchtanna Toghcháin

Ceanglaítear leis na hAchtanna Toghcháin ar an gCoimisiún um Chaighdeáin monatóireacht a dhéanamh ar na cúrsaí seo a leanas, agus i gcás gur cuí leis amhlaidh a dhéanamh, tuairisciú chuig Cathaoirleach Dháil Éireann maidir le nithe a bhaineann leis na cúrsaí seo a leanas -

- síntiúis pholaitíochta a bheith á nglacadh agus á nochtadh ag páirtithe polaitíochta, comhaltaí dhá Theach an Oireachtais agus ag feisirí Pharlaimint na hEorpa agus iarrthóirí ag toghcháin Dála, Seanaid, Parlaimint na hEorpa agus uachtaránachta;
- cuntais síntiúis polaitíochta a bheith á n-oscailt agus á gcoinneáil ar bun;
- speansais toghcháin a bheith á dteorannú, á nochtadh agus á n-aisíoc;
- páirtithe polaitíochta cáilithe a bheith á maoiniú ag an Stát;
- clárú "tríú páirtithe" (.i. grúpaí feachtas/stocaireachta nó daoine aonair a ghlacann le síntiúis chun críocha polaitíochta os cionn luach €126.97) agus daoine eile.

Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeán cibé fiosrúcháin is gá a dhéanamh agus a chuid feidhmeanna reachtúla faoi na hAchtanna Toghcháin á bhfeidhmiú aige.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún um Chaighdeán, ó am go chéile, treoiríníte a dhréachtú agus a fhoilsiú agus comhairle a sholáthar maidir leis an reachtaíocht a chomhlíonadh, do dhaoine a thagann faoi chuimsiú fhorálacha na nAchtanna Toghcháin. Ní mór do dhuine gníomhú de réir treoiríníte a fhoilsiú an Coimisiún um Chaighdeán nó comhairle a thugann sé, ach amháin sa chás go mbeadh foráil eile sna hAchtanna Toghcháin á sárú aige nó aici dá ndéanfaí amhlaidh.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún um Chaighdeán éascú le duine ar bith iniúchadh agus cóipeáil a dhéanamh ar Ráitis Síntiús, Ráitis Speansas Toghcháin, srl. a chuirtear ar fáil dó faoin reachtaíocht.

An tAcht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú) 2001, (an tAcht um Liúntas Ceannairí Páirtí)

Léargas Ginearálta ar an Acht um Liúntas Ceannairí Páirtí

Forálann an reachtaíocht um Liúntas Ceannairí Páirtí go n-íocfar liúntas bliantúil le ceannairí parlaiminte páirtithe polaitíochta cáilithe i ndáil le speansais a thagann de bharr ghníomhaíochtaí parlaiminte an pháirtí, lena n-áirítear taighde. Bíonn an tsuim a íoctar bunaithe ar ionadaíocht an pháirtí i nDáil agus i Seanad Éireann. Laghdaítear an liúntas i gcás go ndéanann páirtí cuid den rialtas. Tá na “gníomhaíochtaí parlaiminte” ar féidir an maoiniúchán a fheidhmiú ina leith leagtha amach san Acht. Ní fhéadfar an maoiniúchán a úsáid chun críocha toghcháin ná reifrinn.

Ceanglaítear leis an Acht um Liúntas Ceannairí Páirtí ar an gceannaire páirtí ráiteas caiteachais ón liúntas a fuarthas i leith na bliana roimhe a ullmhú, nó cur faoi deara go n-ullmhófar an ráiteas sin. Ní mór a leagan amach sa ráiteas, faoi theidil shonracha, na míreanna ar ar caitheadh an maoiniúchán. Ní mór d'iniúcháir poiblí an ráiteas a iniúchadh agus ní mór é a chur ar fáil in éineacht le tuairisc an iniúchára don Choimisiún um Chaighdeán faoi cheann 120 lá ó dheireadh na bliana airgeadais ar íocadh an liúntas di (.i., faoin 30 Aibreán). Is féidir an Liúntas a chur ar fionraí má theipeann ar pháirtí an ráiteas a chur ar fáil faoi cheann na tréimhse ama sin.

Feidhmeanna an Choimisiúin um Chaighdeán faoin Acht um Liúntas Ceannairí Páirtí

Ní mór don Choimisiún um Chaighdeán gach ráiteas agus tuairisc iniúchára dá

gcuirtear ar fáil dó a bhreithniú agus, más gá, dul i gcomhairle leis an gceannaire páirtí maidir le haon ní sa ráiteas. Ceanglaítear ar an gCoimisiún um Chaighdeán tuairisc a chur ar fáil don Aire Airgeadais freisin ina dtabharfar le fios cibé acu ar cuireadh an ráiteas agus tuairisc an iniúchóra faoina bhráid faoi cheann na tréimhse sonraithe. Ní mór dó a thabhairt le fios freisin cibé acu ar nochtadh aon chaiteachas neamh-údaraithe agus cibé acu ar leor nó ar mhíchuí an ráiteas.

Ní mór don Choimisiún um Chaighdeán cur faoi deara go leagfar cóip den tuairisc don Aire Airgeadais faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Ní mór don Choimisiún um Chaighdeán cóip de na ráitis agus de thuairiscí na n-iniúcháirí a choinneáil ar feadh 3 bliana agus ní mór iad a chur ar fáil don phobal lena n-iniúchadh agus a gcóipeáil.



an eitic
cóid iompraíochta

Caibidil 02

Caibidil 2 – An Eitic

Gearáin

Cé go bhfuil líon na ngearán a fhaigheann an Coimisiún um Chaighdeán fós íseal, chonacthas in 2010 gur tháinig méadú ar líon na ngearán sin ó 32 gearán in 2009 (ar ghearáin bhailí sé chinn díobh laistigh de théarmaí na nAchtanna um Eitic) go dtí 56, ar ghearáin bhailí 31 díobh. Fuair an Coimisiún um Chaighdeán go raibh bonn le dhá cheann de na gearáin ar a bhféadfaí imscrúdú a thionscnamh. Sa dá chás sin, mar a thuairiscítear thíos, cheap an Coimisiún Oifigeach Fiosrúcháin chun réamh-fhiosrúcháin a dhéanamh ar na gearáin.

Cheap an Coimisiún oifigeach fiosrúcháin dhá huair eile freisin i rith 2010 agus uair amháin go dtí seo in 2011. Má chuimhnítear air nár cheap an Coimisiún um Chaighdeán Oifigeach Fiosrúcháin ach dhá huair roimh 2010 (in 2006 agus in 2008), is ionann oifigeach fiosrúcháin a bheith ceaptha ceithre huair amhlaidh in aon bhliain amháin agus méadú suntasach ar obair an Choimisiúin um Chaighdeán i ndáil le gearáin faoi na hAchtanna um Eitic. Is mian leis an gCoimisiún um Chaighdeán a bhuíochas leis an Uas. Paddy Walsh a chur in iúl, mar an duine a d'fheidhmigh a chuid feidhmeanna mar Oifigeach Fiosrúcháin gach uair go héifeachtúil éifeachtach.

Imscrúdú maidir le Comhairle Contae Mhaigh Eo

Fuair an Coimisiún gearán a bhain leis an Uas. Kieran Lynn, Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach, Comhairle Contae Mhaigh Eo. Is éard ba bhonn leis an ngearán líomhain gur sáraíodh forálacha de Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 i ndáil le leasanna a nochtadh agus i ndáil le gníomhartha an Uas. Lynn maidir le hoibreacha a rinneadh chun bealach rochtana ar a chuid tailte ag Caiseal Lógairt, Cathair na Mart, Contae Mhaigh Eo, a fheabhsú. Chuaigh an tUas. Lynn chun cainte le triúr comhairleoirí ag iarraidh orthu go leithdháilfidís airgead poiblí, faoi nós imeachta an fhógra tairisceana, go ndéanfaí oibreacha le cor i mbóthar a bhaint amach, rud a d'fhágadh go bhfeabhsófaí an bealach le teacht ar a chuid tailte.

Cheap an Coimisiún um Chaighdeáin Oifigeach Fiosrúcháin chun réamhfhiosrúchán a dhéanamh faoin ngearán. Tar éis don Choimisiún tuairisc an Oifigigh Fiosrúcháin a bhreithniú, chinn an Coimisiún gur chuí imscrúdú a dhéanamh faoi alt 23 den Acht um Eitic lena dhéanamh amach cibé acu ar sháraigh an tUas. Lynn Cuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil nó an raibh 'gníomh sonraithe' déanta aige de réir bhrí na nAchtanna um Eitic. Réachtáladh éisteachtaí don imscrúdú an 8 Samhain agus an 13 Nollaig 2010.

D'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin a thuairisc faoin imscrúdú i mí an Mhárta 2011. Leagtar amach sa tuairisc torthaí agus cinntí a imscrúdaithe i leith gach cáis inar líomhnaíodh gur sáraíodh an reachtaíocht. Fuair an Coimisiún gur sháraigh an tUas. Lynn forálacha Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus gur ghníomhaigh sé agus neamhaird tugtha aige ar an gCód Iompraíochta d'Fhostaithe (de chuid na n-údarás áitiúil). Bhain ceithre chinn de na cásanna inar líomhnaíodh gur sáraíodh an reachtaíocht le cásanna inar theip ar an Uas. Lynn leasanna i maoin a nochtadh ina dhearbhu bliantúil leasanna. Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin gur sháraigh an tUas. Lynn an tAcht Rialtais Áitiúil i ngach ceann de na ceithre chás, go ndearnadh dhá ghníomh díobh siúd gan chuimhneamh, go ndearnadh dhá ghníomh go failíoch agus gur gníomhartha mionchúiseacha gach gníomh, sna cúinsí ar fad. I ndáil leis na cásanna sin inar sáraíodh an reachtaíocht, fuair an Coimisiún um Chaighdeáin gur ghníomhaigh an tUas. Lynn de mheon maith.

Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin freisin gur sháraigh an tUas. Lynn alt 168 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus gur ghníomhaigh sé agus neamhaird tugtha aige ar fhorálacha an Chóid Iompraíochta d'Fhostaithe, trí úsáid a bhaint as a phost oifigiúil i gComhairle Contae Mhaigh Eo, agus as acmhainní na Comhairle, ar mhaithe leis féin sa mhéid is go ndearnadh na hoibreacha chun bealach le teacht ar a chuid tailte ag Caiseal Lógairt, Cathair na Mart, Contae Mhaigh Eo, a fheabhsú.

Is deimhin leis an gCoimisiún gur sáraíodh an reachtaíocht d'aon ghnó agus gur ceist thromchúiseach a bhí ann, sna cúinsí ar fad. I ndáil leis an gcás sin inar sáraíodh an reachtaíocht, fuair an Coimisiún um Chaighdeáin nár ghníomhaigh an tUas. Lynn de mheon maith.

Sheol an Coimisiún um Chaighdeáin a thuairisc chuig an ngearánaí, chuig an Uas. Lynn, chuig an údarás áitiúil agus chuig an Aire Airgeadais agus chuig an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil freisin.

Tá tuairisc an imscrúdaithe, lena n-áirítear tras-scríbhinn éisteacht an imscrúdaithe, ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin.

Tar éis dó tuairisc an Choimisiúin um Chaighdeáin a fháil, thuairiscigh an tUas. Peter Hynes, Bainisteoir Contae Mhaigh Eo, faoin scéal do chomhaltaí tofa na Comhairle. Thuairiscigh an tUas. Hynes gur tháinig an Coimisiún “ar na conclúidí céanna go bunúsach” agus ar thángthas orthu i scrúdú a rinne iar-Bhainisteoir Cúnta Contae Mhaigh Eo roimhe ar na gearáin don Chomhairle. Bhí a thuairisc curtha ar aghaidh chuig an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil ag an Uas. Hynes. Chuir an tUas. Hynes in iúl don chomhairle freisin go raibh athbhreithniú déanta aige ar na nósanna imeachta a bheadh le húsáid i gcás go mbeadh leas ag fostaí i dtalamh a bheadh ina ábhar tógra i leith fógra tairisceana.

Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig an Aire agus chuig an Uas. Hynes á léiriú nach raibh a chuid conclúidí féin mar a chéile go bunúsach le conclúidí na Comhairle. Ní bhfuarthas le himscrúdú na Comhairle gur theip ar an Uas. Lynn aon leasanna a nochtadh. I gcodarsnacht leis sin, tháinig an Coimisiún um Chaighdeáin ar an gconclúid gur theip air amhlaidh a dhéanamh ceithre huair. I ndáil leis an gcúigiú cás inar sháraigh sé an reachtaíocht, fuarthas le himscrúdú na comhairle, cé nár ghníomhaigh an tUas. Lynn de réir an chóid iompraíochta d'fhostaithe, nach bhfuair an chomhairle aon fhianaise go raibh sochar airgid i gceist ann don Uas. Lynn. Ní amháin go bhfuair an Coimisiún um Chaighdeáin gur teipeadh aird a thabhairt ar an gcód, ach fuair sé freisin gur sháraigh an tUas. Lynn alt 168 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 trí úsáid a bhaint as a phost oifigiúil i gComhairle Contae Mhaigh Eo, agus as acmhainní na Comhairle, ar mhaithe leis féin sa mhéid is go ndearnadh oibreacha chun bealach le teacht ar a chuid tailte a fheabhsú. Ba dheimhin leis an gCoimisiún gur sáraíodh an reachtaíocht d'aon ghnó agus gur ceist thromchúiseach a bhí ann, sna cúinsí ar fad. B'údar imní don Choimisiún gur chosúil gur bhain an tUas. Hynes an chiall chontráilte as torthaí agus cinntí an Choimisiúin.

Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin a dhearcadh in iúl don Aire fosta go léiríonn an cás seo go bhfuil easnaimh thromchúiseacha ann sa bhealach a fheidhmítear nós imeachta an fhógra tairisceana, faoi mar a d'fheidhmigh Comhairle Contae Mhaigh Eo é. Chuir sé in iúl gurbh údar imní dó go raibh taifid sa chás a bhain leis an úsáid a baineadh as acmhainní suntasacha poiblí beagnach go hiomlán in easnamh. Dúirt sé, cé go mb'fhéidir go dtiocfaidh roinnt feabhsúchán de bharr an nós imeachta nua a ghlac Comhairle Contae Mhaigh Eo, ó thaobh an úsáid a bhainfidh fostaithe an chomhlachta sin as na nósanna imeachta, nach cosúil go bhfuil nós imeachta an fhógra tairisceana ag teacht leis an gcleachtas is fearr ann féin maidir le cistí poiblí a eisíoc, agus go measann an Coimisiún um Chaighdeáin gur cheart don Aire athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn náisiúnta ar an nós imeachta sin, chomh maith le haon chistí lánroghnacha eile a leithdháiltear ar chomhaltaí aonair d'údaráis áitiúla, d'fhonn is go nglacfar nósanna imeachta a bheidh deartha sa chaoi is go gcinnteofar go gcaithfidh údaráis áitiúla

acmhainní tearca poiblí ar mhaithe leis an bpobal agus ní ar mhaithe le daoine aonair príobháideacha, cibé acu an fostaithe nó comhaltaí d'údaráis áitiúla a bheidh i gceist nó aon daoine eile.

Imscrúdú maidir le Comhairle Contae Dhún na nGall

Fuair an Coimisiún gearán ón gComhairleoir Brendan Byrne, Méara Chomhairle Contae Dhún na nGall an tráth sin, agus ón Uas. Michael McLoon, Bainisteoir Contae an tráth sin, maidir leis an gComhairleoir Terence Slowey. Ba é bunús an ghearáin líomhain gur sáraíodh míreanna de Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 i ndáil le speansais a éilíodh ó Chomhairle Contae Dhún na nGall agus ó Údarás Réigiúnach na Teorann araon as freastal ar chomhdhála i gCill Airne agus i gCloch na Coillte a tharla i gcaitheamh dheireadh seachtaine an 16-18 Deireadh Fómhair 2008.

Cheap an Coimisiún um Chaighdeán Oifigeach Fiosrúcháin chun réamhfhiosrúchán a dhéanamh faoin ngearán. Tar éis don Choimisiún tuairisc an Oifigigh Fiosrúcháin a bhreithniú, chinn an Coimisiún gur chuí imscrúdú a dhéanamh faoi alt 23 den Acht um Eitic lena dhéanamh amach cibé acu ar sháraigh an Comhairleoir Slowey Cuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil nó an raibh 'gníomh sonraithe' déanta aige de réir bhrí na nAchtanna um Eitic. Reáchtáladh éisteacht don imscrúdú an 14 Márta 2011.

D'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeán a thuairisc faoin imscrúdú i mí Aibreáin 2011. Leagadh amach sa tuairisc torthaí agus cinntí an Choimisiúin i leith gach cáis inar líomhnaíodh gur sáraíodh an reachtaíocht.

Fuair an Coimisiún gur sháraigh an Comhairleoir Slowey forálacha Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, gur ghníomhaigh sé agus neamhaird tugtha aige ar an gCód Iompraíochta do Chomhairleoirí agus go ndearna sé 'gníomh sonraithe' de réir bhrí an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001 trí speansais taistil a éileamh ó Chomhairle Contae Dhún na nGall i leith na hócáide a d'fhreastail sé ar Sheimineár Fhóram an Tríú Earnála ag an gComhdháil maidir le hAirgeadú na nÚdarás Áitiúil ón 16 go 18 Deireadh Fómhair 2008 i gCill Airne, Co. Chiarraí agus é ag éileamh speansas taistil ó Údarás Réigiúnach na Teorann freisin i leith na hócáide a d'fhreastail sé ar Chomhdháil Chumainn Réigiúin na hÉireann an 17 Deireadh Fómhair 2008 i gCloch na Coillte, Co. Chorcaí, ag sárú treoracha arna n-eisiúint ag an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, mar a bhí, faoi alt 16 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Caiteachais Chomhaltaí Údarás Áitiúil) 2006 (IR 668 de 2006) a rinneadh de bhun alt 142(1) den Acht Rialtais Áitiúil 2001. Fuair an Coimisiún freisin gur sháraigh an Comhairleoir Slowey forálacha Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus gur ghníomhaigh sé agus neamhaird tugtha aige ar an gCód Iompraíochta do Chomhairleoirí toisc nár fhreastail sé ar an seimineár iomlán i gCill Airne.

Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin gur sháraigh an Comhairleoir Slowey an reachtaíocht go meargánta agus gur ceisteanna tromchúiseanna a bhí ann, sna cúinsí ar fad. I ndáil leis na cásanna sin inar sáraíodh an reachtaíocht, fuair an Coimisiún um Chaighdeáin nár ghníomhaigh an Comhairleoir Slowey de mheon maith.

Ina thuairisc, dúirt an Coimisiún go measann sé nach bhfuil sé inghlactha go n-éileofaí speansais nach bhfuil bunús leo agus gur ceist thromchúiseach atá ann.

Chuir sé a thuairisc ar aghaidh chuig an gComhairleoir Slowey, chuig Bainisteoir agus Méara Chomhairle Contae Dhún na nGall, chuig an Aire Airgeadais agus chuig an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Tá tuairisc an imscrúdaithe, lena n-áirítear tras-scríbhinn éisteacht an imscrúdaithe, ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin.

Imscrúdú ar an Iarsheanadóir Ivor Callely

Bheartaigh Coiste Sheanad Éireann um Leasanna Comhaltaí ag a chruinniú an 13 Deireadh Fómhair 2010, de bhun alt 22(5) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 arna leasú, gur cheart don Choimisiún um Chaighdeáin dhá ghearán a bhí faighte aige maidir le héilimh a rinne an t-Iar-Sheanadóir Ivor Callely faoi Scéim na gComhaltaí um Ghutháin Shoghluaiste a Cheannach go Díreach, a imscrúdú.

An 16 Samhain 2010, cheap an Coimisiún um Chaighdeáin Oifigeach Fiosrúcháin chun réamhfhiosrúcháin a dhéanamh faoi Alt 6 den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 i ndáil leis na gearáin.

Chuir an tOifigeach Fiosrúcháin tuairisc i láthair an Choimisiúin um Chaighdeáin, a bhreithnigh an Coimisiún ag a chruinniú an 11 Aibreán 2011. Agus an tuairisc breithnithe aige, tháinig an Coimisiún um Chaighdeáin ar an tuairim go bhféadfadh cion a bheith déanta ag an Seanadóir Callely a bhain lena fheidhmeanna mar chomhalta a fheidhmiú. Foráiltear le hAlt 24(2) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995:

i gcás gurb é tuairim an Choimisiúin (um Chaighdeáin), cibé acu i rith nó ag deireadh imscrúdaithe faoi alt 23, go bhféadfadh cion a bheith déanta ag an duine is ábhar an imscrúdaithe a bhaineann le feidhmiú a fheidhmeanna nó a fheidhmeanna mar... chomhalta..., ullmhóidh sé tuairisc i scríbhinn i ndáil leis an gcás agus cuirfidh sé an tuairisc sin in éineacht le haon cháipéis ábhartha nó ní ábhartha eile atá ina sheilbh ar fáil don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí..

Dá réir sin, chuir an Coimisiún um Chaighdeáin tuairisc faoin gcás ar fáil don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Scoir an tUas. Callely de bheith ina chomhalta de Sheanad Éireann an 25 Aibreán 2011.

Gearán i gcoinne an iar-Aire John Gormley

Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin gearán ón Teachta Phil Hogan, (atá ina Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil anois) i mí Iúil 2010 i ndáil le gníomhartha an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an tUas. John Gormley, mar a bhí an tráth sin. Cheap an Coimisiún um Chaighdeáin Oifigeach Fiosrúcháin chun réamhfiosrúchán a dhéanamh faoi na gnóthaí a ndearnadh gearán ina leith. Tráth scríofa na tuarascála seo, bhí an réamhfiosrúchán fós ar siúl.

Gearán i gcoinne an Chomhairleora Oisín Quinn

Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin gearán i mí na Samhna 2010 inar líomhnaíodh gur sháraigh an Chomhairleoir Oisín Quinn, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, forálacha Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001. Cheap an Coimisiún um Chaighdeáin Oifigeach Fiosrúcháin chun réamhfiosrúchán a dhéanamh faoin ngearán. Tráth scríofa na tuarascála seo, bhí an réamhfiosrúchán fós ar siúl.

Cóid Iompraíochta

Ina thuarascáil bhliantúil i gcomhair 2009, thug an Coimisiún um Chaighdeáin dá aire, beagnach deich mbliana tar éis don Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 a bheith achtaithe, go bhfuiltear fós ag fanacht le cóid iompraíochta don tseirbhís phoiblí ar bhonn níos leithne a bheith glactha faoin Acht sin. Thug sé le fios gur cuireadh ar an eolas é go raibh an Roinn Airgeadais ag leanúint leis an tsaincheist go gníomhach agus go raibh sé ag súil leis go soláthrófaí dréachtchód don Choimisiún um Chaighdeáin le haghaidh comhairliúcháin de réir fhorálacha na reachtaíochta.

Dá ainneoin sin, níor tharla aon rud ina leith sin in imeacht an dá mhí dhéag idir an dá linn. Foráiltear leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 go nglacfar cóid iompraíochta, lena leagfaí síos na caighdeáin iompraíochta agus ionracais a bheadh le leanúint ag fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus ag ionadaithe poiblí le linn dóibh a gcuid feidhmeanna a fheidhmiú. Tá cóid foilsithe do shealbhóirí oifige, Teachtaí Dála, Seanadóirí agus státseirbhísigh go dtí seo. Ba é rún an Oireachtais, agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 á achtú aige, go soláthrófaí do gach fostaí sa tseirbhís phoiblí ráiteas soiléir faoi na caighdeáin iompraíochta agus ionracais a gceanglaítear orthu a leanúint i gcúrsa a gcuid dualgas. Is é dearcadh an Choimisiúin um Chaighdeáin gur cheart go bhforófaí an rún sin go práinneach.

Creatlach um Eitic don tSeirbhís Rialtais Áitiúil

D'fhoilsigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Páipéar Glas, *Daonlathas Níos Láidre – Roghanna Le hAghaidh Athruithe*, i mí Aibreáin 2008, a raibh roinnt mhaith moltaí san áireamh ann le haghaidh athchóirithe sa réimse um eitic. Tuairiscíodh orthu siúd i dtuarascáil bhliantúil an Choimisiúin i gcomhair 2008. Bhí sé dearbhaithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil don Choimisiún um Chaighdeáin gurbh é an dearcadh a bhí aige gur cheart an obair leis an gcreatlach um eitic a chur i ngníomh a choinneáil laistigh d'údaráis áitiúla oiread agus ab fhéidir agus go srianófaí ról an Choimisiúin um Chaighdeáin sa chaoi is nach gcuimseofaí leis ach nithe a bheadh ina n-údar imní suntasach. Is é dearcadh an Choimisiúin um Chaighdeáin gur cheart go mbeadh nós imeachta sainráite maidir le gearáin sa chreatlach um eitic lena leagfaí amach go soiléir na freagrachtaí atá ann ar leibhéal áitiúil chomh maith le freagrachtaí an Choimisiúin um Chaighdeáin. Nótáladh go bhfuil foráil faoi na hAchtanna um Eitic go dtabharfadh an Coimisiún treoirlínte reachtúla agus comhairle, a d'fhéadfaí a chur chun feidhme ar bhealach úsáideach faoin gcreatlach um eitic.

Go dtí seo, níl aon reachtaíocht dá leithéid tugtha isteach. Is é tuairim an Choimisiúin i gcónaí áfach nach leor na nósanna imeachta maidir le scrúdú agus imscrúdú atá ann faoin gcreatlach agus gur cheart tús áite a thabhairt do nós imeachta reachtúil sainráite a thabhairt isteach le haghaidh gearán faoi chomhaltaí agus faoi fhostaithe na n-údarás áitiúil.

Cruinniú le Coiste Thionól Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin agus Pribhléidí agus le Coiste Dháil Éireann um Leasanna Comhaltaí

I mí na Samhna 2009, scríobh Coiste Thionól Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin agus Pribhléidí chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin á chur in iúl dó go raibh fiosrúchán tionscanta aige maidir le Coimisinéir um Chaighdeáin a cheapadh don Tionól, maidir le Cód Iompraíochta Thionól Thuaisceart Éireann a choinneáil ar bun chomh maith leis an Treoir maidir le Rialacha a Bhaineann le hIompraíocht Chomhaltaí (an Cód Iompraíochta) agus maidir le cásanna, ina líomhnaítear gur sáraíodh an Cód Iompraíochta, a láimhseáil. Thug sé cuireadh don Choimisiún um Chaighdeáin aon bharúlacha dá chuid i ndáil lena fhiosrúchán a sholáthar. Cé nach raibh aon bharúlacha sonracha le cur in iúl ag an gCoimisiún, ghlac an Cathaoirleach le cuireadh a tugadh ina dhiaidh sin le bualadh le Coiste an Tionóil i mí Feabhra 2010 in éineacht le Emily

O'Reilly, Uas. (Ombudsman) agus Coiste Dháil Éireann um Leasanna Comhaltáí i dTeach Laighean. Sholáthair an Cathaoirleach agus oifigigh Rúnaíocht an Choimisiúin faisnéis faoi ról an Choimisiúin faoi na hAchtanna um Eitic i ndáil le gearáin agus cóid iompraíochta. Bhí an cruinniú ina fhóram úsáideach chun dearcaí a mhalartú. D'fháilteodh an Coimisiún um Chaighdeán roimh aon deis a bheidh ann amach anseo chun bualadh le Coiste an Tionóil.

Leasanna a Nochtadh

An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus Cearta agus Oibleagáidí Áirithe Comháiritheoirí 2010

Tugadh tosach feidhme don Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus Cearta agus Oibleagáidí Áirithe Comháiritheoirí 2010 le héifeacht ón 1 Eanáir 2011. Leasaíodh roinnt gnéithe de na hAchtanna um Eitic leis an reachtaíocht chun a fhoráil i gcúinsí áirithe nach mór do dhuine leasanna páirtnéara 'sibhialta' a nochtadh (féach ar an sainmhíniú in Aguisín 3). Dréachtóidh an Coimisiún um Chaighdeán treoirlínte leasaithe do shealbhóirí oifige agus d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí chun na leasuithe a léiriú.

Ráitis 'Nialas'

Ceanglaítear leis na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí ar chatagóirí áirithe daoine (sealbhóir oifige i ndáil le leasanna céile, páirtnéara sibhialta, linbh nó linbh céile, sealbhóir stiúrtóireachta ainmnithe nó sealbhóir poist fhostaíochta ainmnithe i gcomhlacht poiblí, an tArd-Aighne, nó comhairleoir speisialta) ráiteas d'aon leasanna incláraithe a ullmhú agus a chur ar fáil i gcás gur leasanna iad sin a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go hábhartha air nó uirthi agus a fheidhmeanna oifigiúla nó a feidhmeanna oifigiúla á bhfeidhmiú aige nó aici mar gheall ar an bhfíric go bhféadfadh an feidhmiú sin dul i bhfeidhm ar na leasanna sin amhlaidh sa chaoi is go mbronnfaí sochar substaintiúil air nó uirthi nó ar an gcéile nó leanbh nó sa chaoi is go gcoinneofaí sochar substaintiúil uaidh nó uaithe nó ón gcéile nó ón leanbh. I gcás nach mbeidh aon leasanna den sórt sin ag an duine sin, níl aon ráiteas riachtanach faoi na hAchtanna um Eitic.

In ainneoin na fíriche nach raibh aon ráiteas riachtanach i gcúinsí den sórt sin, bhreithnigh an Coimisiún um Oifigí Poiblí ina thuarascáil bhliantúil i gcomhair 1998 go soláthrófaí ráiteas ina dtabharfaí le fios nach raibh leasanna ar bith den sórt sin ag duine, nó ráiteas 'nialas'. Dá réir sin, mhol an Coimisiún ina chuid treoirlínte d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí gur cheart go gcuirfí ráiteas 'nialas' ar fáil, seachas ráiteas ar bith, i gcúinsí den sórt sin.

Rinne an Coimisiún um Chaighdeáin athbhreithniú ar an moladh sin agus an t-ochtú heagrán dá threoirlínte d'fhostaithe sa tseirbhís poiblí á dhréachtú aige in 2010. Chinn an Coimisiún, toisc nach bhfuil aon bhonn reachtúil ann le haghaidh ráiteas 'nialas' den sórt sin agus go gcuirtear ualach riaracháin míchuí ar an gCoimisiún agus ar dhaoine eile a gcuirtear ráitis ar fáil dóibh, go dtarraingeodh sé a mholadh siar. Dá réir sin, i gcás nach mbeidh aon leasanna ag duine a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go hábhartha air nó uirthi ar an mbealach a sonraíodh thuas, níl aon ráiteas riachtanach faoi na hAchtanna um Eitic agus ní iarrtar aon ráiteas 'nialas'.

Ráitis Leasanna na gComhairleoirí Speisialta

Ceanglaítear ar chomhairleoir speisialta faoi na hAchtanna um Eitic ráiteas faoi aon leasanna incláraithe atá aige nó aici a ullmhú agus a chur ar fáil don sealbhóir oifige a cheap é nó í, i gcás gur leasanna iad sin a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go hábhartha air nó uirthi i bhfeidhmiú a fheidhmeanna oifigiúla nó a feidhmeanna oifigiúla mar gheall ar an bhfíric go bhféadfadh an feidhmiú sin dul i bhfeidhm ar na leasanna sin amhlaidh sa chaoi is go mbronnfaí sochar substaintiúil air nó uirthi nó ar a chéile nó ar a céile nó ar a pháirtneir sibhialta nó ar a páirtneir sibhialta nó ar a leanbh nó ar leanbh céile nó sa chaoi is go gcoinneofaí sochar substaintiúil uaidh nó uaithi nó óna chéile nó óna céile nó óna pháirtneir sibhialta nó óna páirtneir sibhialta nó óna leanbh nó ó leanbh céile. Ceanglaítear ar an sealbhóir oifige faoi na hAchtanna um Eitic aon ráiteas den sórt sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas faoi cheann 60 lá ón dáta a fhaigheann sé nó sí é (ceanglaítear ar dhaoine ráiteas ar leithligh a chur ar fáil faoi aon leasanna incláraithe atá ag céile nó ag páirtneir sibhialta nó ag leanbh nó ag leanbh céile freisin, ach ní leagtar faoi bhráid an Oireachtais é).

Neamhchosúil le ráitis leasanna incláraithe a chuireann comhaltaí den Oireachtas ar fáil, a fhoilsíonn Cléireach Dháil Éireann nó Sheanad Éireann de réir mar is cuí i gclár leasanna comhaltaí, ní fhoilsítear ráitis de chuid na gcomhairleoirí speisialta. Faoi na Buanorduithe do gach Teach áfach, measfar gur cáipéisí poiblí gach cáipéis dá leagfar faoi bhráid gach Tí.

Dá réir sin, féadfar ráitis a bheidh curtha ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin ag comhairleoirí speisialta a fheiceáil agus a chóipeáil ach sin a iarraidh ó Rúnaíocht an Choimisiúin.

Raon Feidhme na nAchtanna um Eitic


Thuiriscigh an Coimisiún um Chaighdeáin i ngach ceann dá thuarascálacha bliantúla ó 2004 i leith faoin méadú mór atá tagtha ar raon feidhme na nAchtanna um Eitic

ó thaobh líon na gcomhlachtaí poiblí sa tseirbhís phoiblí a bhfuil stiúrthóireachtaí ainmnithe agus poist fhostaíochta ainmnithe forordaithe iontu ag an Aire Airgeadais. In 2009, bhí breis is 870 comhlacht poiblí ann, fochomhlachtaí san áireamh, a tháinig faoi chuimsiú shainordú na nAchtanna.

Tháinig rialacháin bhreise a rinne an tAire Airgeadais i bhfeidhm an 1 Eanáir 2011. De thoradh na rialachán sin, áiríodh 68 comhlacht (lena n-áirítear 42 fochomhlacht) mar chomhlachtaí a thagann faoi chuimsiú shainordú na nAchtanna um Eitic, agus baineadh 48 comhlacht (lena n-áirítear 8 gcomhlacht) ó liosta na gcomhlachtaí a thagann faoi chuimsiú na nAchtanna. Dá réir sin, tá breis is 890 comhlacht poiblí ann anois a chuimsítear faoi raon feidhme na reachtaíochta.

I bhfianaise phróiseas leanúnach an chuíchóirithe ar chomhlachtaí laistigh den tseirbhís phoiblí, tá muinín ag an gCoimisiún um Chaighdeán as an Aire Airgeadais go gcinnteoidh sé go bhfeidhmeofar raon feidhme na nAchtanna um Eitic maidir le gach comhlacht poiblí nua ar bhealach tráthúil.

síntiúis
cúrsaí toghcháin



Caibidil 03

Caibidil 3 – Cúrsaí Toghcháin

Síntiúis a Nocht Teachtaí Dála, Seanadóirí agus Feisirí Eorpacha i leith 2010

Ceanglaíodh ar dhuine a bhí ina T(h)eachta Dála, ina S(h)eanadóir nó ina F(h)eisire Eorpach i rith 2010 Ráiteas Síntiúis a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán faoin 31 Eanáir 2011. Ceanglaíodh orthu síntiúis (féach ar an sainmhíniú in Aguisín 3), a fuarthas i rith 2010 agus a bhí os cionn luach €634.87, a nochtadh. Ní mór síntiúis ón duine céanna sa bhliain chéanna a chomhbhailiú sa chaoi is go mbeifí ag cloí le táirseach na síntiúis nach mór a nochtadh agus uasteorainn na síntiúis gur féidir glacadh leo (€2,539.48).

Ráitis Síntiúis a fuarthas ó Theachtaí Dála, Seanadóirí agus Feisirí Eorpacha

Go luath i mí Eanáir 2011, scríobh an Coimisiún um Chaighdeán chuig an 237 Comhalta ar fad i litir ina raibh foirm le haghaidh Ráitis Síntiúis/Dearbhaithe Reachtúil iniata a bhí le comhlánú agus le seoladh ar ais faoin 31 Eanáir 2011.

Seoladh na cáipéisí reachtúla ar fad ar ais chuig an gCoimisiún faoi lár mhí Feabhra 2011 seachas cáipéisí ó thriúr comhaltaí. Ba iad seo a leanas an 3 Comhaltaí a bhí i gceist:

Páirtí	Cáipéisí gan a bheith seolta ar ais faoi lár mhí Feabhra
Fianna Fáil	An tUas. Noel Treacy, TD
Fine Gael	An Seanadóir Liam Twomey, An tUas. George Lee, iar-TD

Chuir an tUas. Noel Treacy na cáipéisí riachtanacha faoi bhráid an Choimisiúin an 24 Feabhra 2011; rinne Liam Twomey, Seanadóir, amhlaidh an 2 Márta 2011 agus rinne an tUas. George Lee amhlaidh an 3 Márta 2011.

Síntiúis a Nochtadh

Fuarthas 237 Ráiteas Síntiús agus Dearbhú Reachtúil san iomlán i leith 2010. Is iad seo a leanas na síntiúis a nochtadh:

Páirtí	Catagóir	Líon le síntiúis	Airgead Tirim (€)	Síntiúis Seachas Airgead Tirim (€)
Fianna Fáil	Seanadóir	1	nialas	1,200.00
	TD	6	11,729.42	34,000.00
Fine Gael	Seanadóir	1	2,500.00	nialas
	TD	3	22,050.00	750.00
An Comhaontas Glas	TD	2	3,739.00	nialas
Páirtí an Lucht Oibre	Feisire Eorpach	1	10,980.50	nialas
	TD	4	2,300.00	660.00
Neamhspleách	Seanadóir	1	9,934.05	nialas
Olliomlán		19	63,232.97	36,610.00

Nocht 15 Theachta Dála síntiúis lenar bhain luach iomlán €75,228.42 agus nocht triúr Seanadóirí síntiúis ar luach €13,634.05 san iomlán. Nocht Feisire Eorpach amháin go bhfuair sé/sí síntiúis lenar bhain luach €10,980.50 san iomlán. Ba é €99,842.97 luach iomlán na síntiúis a nochtadh.

I gcás gach síntiúis os cionn luach €634.87, caithfidh an duine a chuirfidh an Ráiteas Síntiús ar fáil luach agus cineál an tsíntiúis a thabhairt le fios chomh maith le hainm an deontóra, cur síos orthu agus a s(h)eoladh poist. Foráiltear le hAlt 22(2)(d) den Acht Toghcháin 1997 (an tAcht Toghcháin), arna leasú, go gcaithfear síntiúis ón duine céanna sa bhliain chéanna a chomhbhailiú sa chaoi is go mbeifear ag cloí le táirseach na síntiús nach mór a nochtadh agus uasteorainn na síntiús gur féidir glacadh leo. Foráiltear le hAlt 24(3) den Acht Toghcháin go gcaithfidh Dearbhú Reachtúil, arna dhéanamh ag an duine a chuirfidh an Ráiteas Síntiús ar fáil, a bheith i gcuideachta an Ráitis Síntiúis, agus go gcaithfear a rá go héifeachtach sa Dearbhú sin, a mhéid is fearr is eol don duine

agus mar a chreideann sé/sí, go bhfuil an Ráiteas Síntiús ceart i ngach gné ábhartha agus go bhfuil gach gníomh réasúnach déanta aige/aici chun cruinneas an Ráitis Síntiús a dheimhniú dó/di féin.

Tá sonraí na síntiús a nochtadh i leith 2010 ar fáil i dtuarascáil don Cheann Comhairle a foilsíodh i mí na Bealtaine 2011. Tá an tuarascáil le fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin freisin.

Ráitis Síntiús a fuarthas ó dheontóirí aonair

Foráiltear le halt 24(1A) den Acht Toghcháin go gcaithfidh duine Ráiteas Síntiús/ Dearbhú Reachtuil a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, má thugann sé/sí, i mbliain ar leith, síntiús os cionn €5,078.95, agus a luach áirithe le chéile, do bheirt nó níos mó a bhí ina gcomhaltaí den pháirtí polaitíochta céanna nuair a tugadh na síntiús, nó do pháirtí polaitíochta, agus do dhuine amháin nó níos mó dá chomhaltaí. Caithfear mionsonraí ar na síntiús agus ar na daoine dár tugadh iad a bheith sa Ráiteas Síntiús/ Dearbhú Reachtuil, agus caithfear iad a chur ar fáil faoi 31 Eanáir den bhliain dar gcionn.

Mura mbíonn faoi dheontóir an ceanglas sin a chomhlíonadh agus go mbíonn Comhalta nó iarrthóir ag toghchán ar an eolas faoi sin, tá cosc air/uirthi síntiús a ghlacadh ón duine sin. Má fhaightear síntiús den sórt sin, caithfear é sin a chur in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin faoi cheann 14 lá agus an síntiús nó a luach a chur chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin.

Ní bhfuarthas aon Ráitis Síntiús ó dheontóirí aonair i gcomhair 2010.

Síntiús a nocht páirtithe polaitíochta

Ceanglaíodh ar gach páirtí polaitíochta Ráiteas Síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Márta 2011. Is éigean síntiús a fhaigheann páirtí polaitíochta agus atá os cionn luach comhlán €5,078.95 a nochtadh. Is é €6,348.69 uasluch na síntiús lenar féidir le páirtí polaitíochta a ghlacadh ón duine céanna sa bhliain chéanna den fhéilire. Ní mór síntiús arna bhfáil ón deontóir céanna sa bhliain chéanna den fhéilire a chomhbhailiú chun cloí leis na huasteorainneacha maidir le suim na síntiús is gá a nochtadh agus ar féidir glacadh leo. Ba é €67,907.55 luach iomlán na síntiús a nocht páirtithe i rith 2010, an tsuim is ísle dá nochtadh ó tugadh an ceanglas le hiad a nochtadh isteach 14 bliana ó shin. Níor nocht aon cheann de na trí phríomhpháirtí polaitíochta (Fianna Fáil, Fine Gael ná Páirtí an Lucht Oibre) aon síntiús in 2010.

Tá sonraí na síntiús a nocht páirtithe polaitíochta i leith 2010 ar fáil i dtuairisc a chuir an Coimisiún um Chaighdeán ar fáil don Cheann Comhairle i mí na Bealtaine 2011. Tá an tuairisc seo ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeán freisin.

Maoirseacht ar Fhothoghchán Dála Dhún na nGall Thiar Theas

Caiteachas

Léirítear leis an tuairisc a bhaineann leis an bhfothoghchán Dála do Dhún na nGall Thiar Theas, a d'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeán i mí Aibreáin 2011, gur nocht iarrthóirí gur caitheadh €115,042.73 san iomlán don toghchán. Ba é €30,150 in aghaidh an iarrthóra (dáilcheantar ina bhfuil 3 shuíochán) an teorainn caiteachais. Chuir cúigear den seisear gníomhairí toghcháin a gcuid Ráiteas Speansas Toghcháin ar fáil faoin spriocdháta reachtúil. Níor chuir iarrthóir amháin nár éirigh sa toghchán léi (Ann Sweeney, Uas.) Ráiteas Speansas Toghcháin ar fáil. Bhí a hiarrthóireacht tarraingthe siar aici tar éis an dáta deiridh le déanamh amhlaidh ach bhí ceangal dlí uirthi go fóill Ráiteas Speansas Toghcháin a sholáthar. Tá sé ina chion faoin Acht Toghcháin loiceadh Ráiteas Speansas Toghcháin agus Dearbhú Reachtúil a chur ar fáil laistigh de 56 lá ó lá na vótaíochta. An 9 Márta 2011, chuir an Coimisiún um Chaighdeán an cás ar aghaidh chuig na Gardaí toisc nach raibh an Ráiteas Speansas Toghcháin faighte go fóill. An 9 Bealtaine 2010, chuir Ann Sweeney, Uas. Ráiteas Speansas Toghcháin ar fáil ag nochtadh caitheachas €1,331 agus cuireadh in iúl do na Gardaí go bhfuarthas an Ráiteas. In iomlán, nochtaigh iarthóirí caitheachas €116,373.73.

Bhí trí chinn de na ceithre Ráiteas Speansas Toghcháin a chuir gníomhairí náisiúnta ar fáil faighte faoin spriocdháta reachtúil, agus fuarthas an Ráiteas Speansas Toghcháin ón nGníomhaire Náisiúnta a bhí fágtha (ó Shinn Féin, agus tuairisceán "nialas") níos déanaí.

Tá achoimre thíos ar an bhfaisnéis a sholáthair gníomhairí toghcháin agus gníomhairí náisiúnta ina gcuid Ráiteas Speansas Toghcháin. Léiríonn suim an chaiteachais atá le feiceáil taobh le hainm an iarrthóra suim an chaiteachais a tharraing gníomhaire toghcháin an iarrthóra air féin.

Iarrthóir	Iomlán (€)
Piaras Ó Dochartaigh (SF)	24,939.23
Gníomhaire Náisiúnta	nialas
Iomlán	24,939.23
McBrearty, Frank (Lucht Oibre)	11,485.53
Gníomhaire Náisiúnta	18,431.23
Iomlán	29,916.76
Ó'Domhnaill, Brian (FF)	1,609.53
Gníomhaire Náisiúnta	25,594.18
Iomlán	27,203.71
O'Neill, Barry (FG)	nialas
Gníomhaire Náisiúnta	28,987.16
Iomlán	28,987.16
Pringle, Thomas (Neamhspleách)	3,995.87
Sweeney, Ann (Neamhspleách)	1,331.00
Iomlán	116,373.73

Síntiúis

Chuir ceathrar den chúigear iarrthóirí nár éirigh sa toghchán leo a gcuid Ráiteas Síntiús ar ais faoin spriocdháta reachtúil. Níor chuir iarrthóir amháin nár éirigh sa toghchán léi (Ann Sweeney, Uas.) Ráiteas Speansas Toghcháin ar fáil. Tá sé ina chion faoi alt 25 den Acht Toghcháin loiceadh Ráiteas Speansas Toghcháin agus Dearbhú Reachtúil a chur ar fáil laistigh de 56 lá ó lá na vótaíochta. An 9 Márta 2011, chinn an Coimisiún um Chaighdeán an cás a chur ar aghaidh chuig na Gardaí toisc nach raibh an Ráiteas Speansas Toghcháin faighte go fóill. An 9 Bealtaine 2010, fuair an Coimisiún

um Chaighdeán na cáipéisí ón iarrthór (Ann Sweeney, Uas.) agus cuireadh in iúl do na Gardaí go bhfuarthas na cáipéisí.

Nocht duine amháin den cheathrar iarrthóirí nár éirigh leo, an tUas. Frank McBrearty Sóisearach, síntiús ar luach €1,470.00.

Tá an tuairisc ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeán freisin.

Ceanglaítear ar an iarrthóir tofa, an Teachta Piaras Ó Dochartaigh, mar chomhalta de Dháil Éireann, Ráiteas Síntiús bliantúil agus cáipéisíocht a ghabhann leis a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán faoin 31 Eanáir gach bliain. Níor nochtadh sa Ráiteas Síntiús a chuir an Teachta Ó Dochartaigh ar fáil faoin 31 Eanáir, i leith 2010, go bhfuarthas aon síntiús.

Tuairisceáin ó na hAonaid Chuntasaíochta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

Mar a cuireadh chun suntais i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo, bíonn deacrachtaí ag an gCoimisiún um Chaighdeán fós maidir le maoirseacht a dhéanamh ar fhorálacha na reachtaíochta a bhaineann le haonaid chuntasaíochta (féach ar an sainmhíniú in Aguisín 3).

Tá sé ina chion ag duine freagrach aonaid chuntasaíochta loiceadh Deimhniú Síntiús Airgid agus Ráiteas Baine a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán faoin 31 Márta gach bliain. Ní chomhlíonann ach céatadán beag d'aonaid chuntasaíochta a gcuid ceanglas reachtúil maidir leis sin, faoi mar atá léirithe sa tábla seo a leanas. B'éigean an cháipéisíocht a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán faoin 31 Márta 2010.

Páirtí	Líon na nAonad Cuntasaíochta	Seolta ar ais in am
Fianna Fáil	57	27
Fine Gael	45	17
An Comhaontas Glas	34	17
Páirtí an Lucht Oibre	34	19
An Páirtí Daonlathach	18	6
Sinn Féin	15	6

Tar éis roinnt meabhrúchán, bhí na cáipéisí reachtúla curtha ar fáil ag gach aonad seachas trí chinn faoin gcéad chuid de mhí Mheitheamh 2010. An 2 Meitheamh 2010 agus 18 Meitheamh faoi seach, cuireadh na cásanna maidir leis na haonaid chuntasaíochta seo a leanas ar aghaidh chuig na Gardaí.

Páirtí	Aonad cuntasaíochta
Páirtí an Lucht Oibre	Thomastown; Coláiste na Tríonóide
An Comhaontas Glas	Corcaigh Lár Theas

Chuir na trí aonad cuntasaíochta sin nach raibh a gcuid cáipéisí curtha ar fáil in am acu na cáipéisí ábhartha ar fáil tar éis do na Gardaí a ladhar a chur sa scéal. Is oth linn gur ghá cásanna maidir le trí aonad cuntasaíochta a chur ar aghaidh chuig na Gardaí. Tháinig feabhas mór áfach ar líon na n-aonad cuntasaíochta a chomhlíon an reachtaíocht i leith 2009 áfach agus is mian leis an gCoimisiún um Chaighdeáin aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí na bpáirtithe polaitíochta leis an bhfeabhsú seo a thabhairt i gcrích. D'fhéadfaí an bhail atá ar chúrsaí a fheabhsú fós áfach agus ba mhaith leis an gCoimisiún um Chaighdeáin a athrá go bhfuil faoi cásanna maidir le haonaid chuntasaíochta nach gcomhlíonann an reachtaíocht a chur ar aghaidh chuig na Gardaí amach anseo, más gá.

Triú Páirtithe

Má fhaigheann tríú páirtí síntiús os cionn luach €126.97, ní mór do thríú páirtí (féach ar an sainmhíniú in Aguisín 3) clárú leis an gCoimisiún um Chaighdeáin agus bíonn sé faoi réir na rialacha céanna maidir le bheith ag **glacadh** le síntiús is a bhíonn páirtithe polaitíochta.

Ní mór do thríú páirtí, faoin 31 Márta gach bliain, na nithe seo a leanas a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin -

- Deimhniú Síntiús Airgid/Dearbhú Reachtuil lena ndearbhaítear gur taisceadh gach síntiús sa chuntas sin agus gur úsáideadh íocaíochtaí ón gcuntas chun críocha polaitíochta, agus
- ráiteas bainc ón bhforas airgeadais ina gcoinnítear a chuntas síntiús polaitíochta.

Go luath i mí an Mhárta 2010, scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig deich gcinn de thríú páirtithe a bhí ann roimh an tráth sin le Deimhniú Síntiús Airgid/ Dearbhú Reachtuil agus ráiteas bainc, dá mba chuí, a lorg, i ndáil lena gcuid cuntas

síntiús polaitíochta. Scríobh an Coimisiún um Chaighdeán chuig 35 tríú páirtí nua a bhí cláraithe don dara reifreann faoi Chonradh Liospóin a reáchtáladh an 2 Deireadh Fómhair 2009. [Ceanglaíodh ar an 45 tríú páirtí uile na cáipéisí ábhartha a chur isteach faoin 31 Márta 2010 i leith 2009.](#)

Tugtar le fios sna táblaí thíos na tríú páirtithe a bhí cláraithe in 2009 agus cibé acu an bhfuarthas cáipéisí uathu faoin spriocdháta reachtúil. Tugtar le fios sa tríú colún staid na bpáirtithe sin ag deireadh 2009, i.e. cibé acu ar lean siad ar aghaidh le bheith cláraithe mar thríú páirtithe agus gníomhach dá réir, nó ab ea nach raibh siad gníomhach a thuilleadh agus an rogha déanta acu díchlárú.

Eisíodh litir an 13 Aibreán 2010, chuig na tríú páirtithe ar fad ar theip orthu na cáipéisí riachtanacha a chur ar fáil faoin 31 Márta, á chur in iúl go gcuirfeadh an Coimisiún an cás ar aghaidh chuig an SIP mura bhfaighfí na cáipéisí a bhí fós amuigh faoin 14 Bealtaine 2010. Chuir gach dream seachas 2 thríú páirtí na cáipéisí ar fáil faoin 14 Bealtaine 2010.

Tríú Páirtithe a bhí ann cheana féin	Cáipéisí Reachtúla faighte faoi 31 Márta 2010	Staid ag 31 Nollaig 2009
Campaign Against EU Constitution	Ní bhfuarthas (ach fuarthas faoi 14 Bealtaine 2010)	Díchláraithe
CÓIR	Fuarthas	Cláraithe
Democratic Alliance	Fuarthas	Cláraithe
Feachtas ar son na Beatha	Fuarthas	Cláraithe
Immigration Control Platform	Fuarthas	Cláraithe
The Irish Alliance for Europe	Ní bhfuarthas	Níor thug freagra ar chomhfhreagras agus tháinig an Coimisiún ar an tuairim gur díscáoileadh an páirtí
Libertas	Ní bhfuarthas (ach fuarthas faoi 14 Bealtaine 2010)	Díchláraithe
The National Platform	Fuarthas	Díchláraithe

Tríú Páirtithe Nua	Cáipéisí Reachtúla faighte faoi 31 Márta 2010	Staid ag 31 Nollaig 2009
Peace and Neutrality Alliance	Ní bhfuarthas (ach fuarthas faoi 14 Bealtaine 2010)	Cláraithe
Tipperary Against the Lisbon Treaty	Ní bhfuarthas (ach fuarthas faoi 14 Bealtaine 2010)	Díchláraithe
Business for Europe	Ní bhfuarthas (ach fuarthas faoi 14 Bealtaine 2010)	Díchláraithe
Comhlachas Tráchtála Chorcaí	Fuarthas	Díchláraithe
Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann	Fuarthas	Díchláraithe
European Youth for Ireland	Ní bhfuarthas (ach fuarthas faoi 19 Iúil 2010)	Cláraithe
Generation Yes	Ní bhfuarthas (ach fuarthas faoi 14 Bealtaine 2010)	Cláraithe
Ireland's Future	Fuarthas	Díchláraithe
Ireland for Europe - an Clár	Fuarthas	Díchláraithe
Ireland for Europe - Corcaigh	Fuarthas	Díchláraithe
Ireland for Europe - Baile Átha Cliath Thiar	Fuarthas	Díchláraithe
Ireland for Europe - Dún Laoghaire	Fuarthas	Díchláraithe
Ireland for Europe - Feirmeoirí	Fuarthas	Díchláraithe
Ireland for Europe - Fine Gall	Fuarthas	Díchláraithe
Ireland for Europe - Cill Dara	Fuarthas	Díchláraithe

Tríú Páirtithe Nua	Cáipéisí Reachtúla faighte faoi 31 Márta 2010	Staid ag 31 Nollaig 2009
Ireland for Europe - Gailleadh	Ní bhfuarthas (ach fuarthas faoi 14 Meitheamh 2010)	Díchláraithe
Ireland for Europe - Luimneach	Fuarthas	Díchláraithe
Ireland for Europe - Lú	Fuarthas	Díchláraithe
Ireland for Europe - An Mhí	Fuarthas	Díchláraithe
Ireland for Europe - Lár na Tíre	Fuarthas	Cláraithe
Ireland for Europe - Sligeach	Fuarthas	Díchláraithe
Ireland for Europe - Tiobraid Árann	Fuarthas	Díchláraithe
Ireland for Europe - Cill Mhantáin	Fuarthas	Díchláraithe
Ireland for Europe - Seanóirí	Fuarthas	Díchláraithe
Ireland for Europe and The Treaty	Fuarthas	Cláraithe
Ireland in Europe	Fuarthas	Díchláraithe
Irish Society for Christian Civilisation	Fuarthas	Cláraithe
Irish Vote Yes Limited	Ní bhfuarthas	Níor thug freagra ar chomhfhreagras (baineadh an chuideachta de chlár na gcuideachtaí)
Kerry No To Lisbon	Ní bhfuarthas (ach fuarthas faoi 14 Bealtaine 2010)	Díchláraithe
Lisbon Treaty Information Services	Ní bhfuarthas (ach fuarthas faoi 14 Bealtaine 2010)	Díchláraithe
Mayo No 2 Lisbon	Ní bhfuarthas (ach fuarthas faoi 14 Bealtaine 2010)	Díchláraithe

Tríú Páirtithe Nua	Cáipéisí Reachtúla faighte faoi 31 Márta 2010	Staid ag 31 Nollaig 2009
No 2 Lisbon 2 Campaign	Ní bhfuarthas (ach fuarthas faoi 14 Bealtaine 2010)	Díchláraithe
Peoples Movement	Ní bhfuarthas (ach fuarthas faoi 14 Bealtaine 2010)	Cláraithe
The Charter Group	Ní bhfuarthas (ach fuarthas faoi 14 Bealtaine 2010)	Cláraithe
The Liberal Society	Fuarthas	Cláraithe
We Belong Ltd	Ní bhfuarthas (ach fuarthas faoi 14 Bealtaine 2010)	Cláraithe
Women for Europe	Ní bhfuarthas (ach fuarthas faoi 14 Bealtaine 2010)	Cláraithe

Cásanna a Cuireadh ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP)

Cuireadh cásanna maidir le dhá thríú páirtí, European Youth for Ireland agus Ireland for Europe – Gaillimh, ar aghaidh chuig an SIP an 19 Bealtaine 2010 toisc gur theip orthu na cáipéisí riachtanacha a chur isteach i leith 2009, faoi spriocdháta reachtúil an 31 Márta 2010, de réir alt 25(1)(c) den Acht Toghcháin 1997, arna leasú. Chuir Duine Freagrach European Youth for Ireland, an tUas. Patrick Carroll, na cáipéisí ar fáil an 19 Iúil 2010 ina dhiadh. Chuir an tUas. Paul Mee, Duine Freagrach Ireland for Europe – Gaillimh, na cáipéisí ar fáil an 14 Meitheamh 2010. Chuir an Coimisiún um Chaighdeán in iúl don SIP go bhfuarthas na cáipéisí.

Maoiniú páirtithe polaitíochta ag an Státchiste

Foráiltear leis na hAchtanna Toghcháin agus leis an Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú) 2001 (an tAcht um Liúntas Ceannairí Páirtí) le haghaidh maoiniúcháin ón Státchiste do pháirtithe polaitíochta cáilithe. Bhí **€13,480,749** san iomlán faighte ag páirtithe polaitíochta mar mhaoiniúchán stáit i gcomhair 2010. Íocadh an t-airgead leis na páirtithe faoi na hAchtanna Toghcháin agus faoin reachtaíocht um Liúntas Ceannairí Páirtí.

Fuair cúig pháirtí (Fianna Fáil, Fine Gael, Páirtí an Lucht Oibre, Sinn Féin agus an Comhaontas Glas) **€5,438,385** faoi na hAchtanna Toghcháin agus fuair na cúig pháirtí

sin €8,042,364 freisin faoin reachtaíocht um Liúntas Ceannairí Páirtí. Ní ghearrtar cáin ioncaim ar an maoiniúchán agus ní fhéadfar úsáid a bhaint as chun críocha toghcháin ná reifrinn. Tá leibhéal an mhaoiniúcháin nasctha le méaduithe ar phá sa státseirbhís; ach ní deirtear aon rud faoi laghduithe pá sa reachtaíocht lena rialaítear an maoiniúchán. Caithfidh páirtithe polaitíochta cáilithe Ráitis Chaiteachais faoin maoiniúchán a fhaightear a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán.

Faigheann comhaltaí Dháil Éireann agus Seanad Éireann nach bhfuil ina gcomhaltaí de pháirtí maoiniúchán faoin reachtaíocht um Liúntas Ceannairí Páirtí freisin. Ba é €41,152 an tsuim a bhí le híoc i rith 2010 le gach comhalta a thoghadh do Dháil Éireann nach raibh ina c(h)omhalta de pháirtí agus ba é €23,383 an tsuim a bhí le híoc i rith na tréimhse céanna le gach comhalta tofa chuig Dáil Éireann nó tofa nó ainmnithe chuig Seanad Éireann nach raibh ina c(h)omhalta de pháirtí. Ba é €304,905 an tsuim iomlán a íocadh le comhaltaí nach raibh ina gcomhaltaí de pháirtí. Ní cheanglaítear ar chomhaltaí nach bhfuil ina gcomhaltaí de pháirtí Ráiteas Caiteachais faoin liúntas a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán áfach, ná d'aon údarás eile.

Tá tuairiscí maidir leis an maoiniúchán a fuair páirtithe faoin dá phíosá reachtaíochta in 2010 ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeán.



Aguisíní

Aguisín I – Moltaí le haghaidh athruithe

I dTuarascálacha Bliantúla roimhe, rinne an Coimisiún um Chaighdeáin achoimre ar a mholtaí le haghaidh athruithe ar an reachtaíocht um eitic agus toghcháin. Tá achoimre déanta san Aguisín seo ar na leasuithe móra a mholtar, mar aon leis an scéal is déanaí faoi aon dul chun cinn a d'fhéadfadh a bheith tarlaithe idir an dá linn. Tagraítear do mhionmholtaí, amhail leasuithe teicniúla, i dtuarascálacha bliantúla a eisíodh roimhe seo.

Leasuithe maidir le nósanna imeachta a mholtar a dhéanamh ar an hAchtanna um Eitic

- Ba cheart don Choimisiún um Chaighdeáin a dtuarascáil bhliantúil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas go díreach seachas í a chur ar fáil don Aire Airgeadais a leagfaidh faoina mbráid ansin í ([Réamhrá, Tuarascáil Bhliantúil 2010](#));
- cumhacht Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh chun réamhfhiosrúchán a dhéanamh maidir le cas nach bhfuil gearán ina leith déanta faoi na hAchtanna um Eitic ([Caibidil 1, 'Fiosrúcháin Féinbhionscnaithe', Tuarascáil Bhliantúil 2004](#));
- foráil go ndéanfaí socrú go mbeidh córam nach lú ná tríúr comhaltaí (lena n-áirítear an Cathaoirleach i ngach cás) ann le himscrúdú a éisteacht faoi na hAchtanna um Eitic ([Caibidil 4, 'Leasuithe a mholtar a dhéanamh ar na hAchtanna um Eitic', Tuarascáil Bhliantúil 2008](#));

Leasuithe eile a mholtar a dhéanamh ar na hAchtanna um Eitic agus ar reachtaíocht ghaolmhar

- acht cuimsitheach lena gcomhdhlúthófar na hAchtanna um Eitic agus gach reachtaíocht eile do dhéanamh socrú chun leasanna a nochtadh, chomh maith le forálacha gaolmhara d'oifigigh phoiblí ([Caibidil 2, 'Creatlaí um Eitic arb Ionann a bhForálacha', Tuarascáil Bhliantúil 2009](#));
- na forálacha a leasú maidir le gearáin faoi 'ghníomh sonraithe' sa chaoi is go gceadófar tagairt do ráiteas ardleibhéil faoi na prionsabail eitice atá le leanúint ag

fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus ag ionadaithe poiblí ([Caibidil 2, 'Ráiteas Ardleibhéil maidir le Prionsabail Eitice', Tuarascáil Bhliantúil 2009](#));

- leasú ar an sainmhíniú ar 'dhuine nasctha' (féach ar an sainmhíniú in Aguisín 3) sa chaoi is go bhforálfar gur 'duine atá nasctha' le cuideachta is ea duine (féach ar an sainmhíniú in Aguisín 3) atá ina stiúrthóir ar an gcuideachta sin agus gur "daoine atá nasctha" leis an duine sin freisin stiúrthóirí eile na cuideachta sin ([Caibidil 2, 'Daoine Bainteacha', Tuarascáil Bhliantúil 2009](#));
- ceanglas go nochtófar dliteanais mar 'leasanna inchláraithe' ([Caibidil 2, 'Dliteanais a Nochtadh', Tuarascáil Bhliantúil 2009](#));
- moladh go dtionscnófaí tairiscintí i dTithe an Oireachtais chun Cathaoirligh ar Choistí Oireachtais a ainmniú mar shealbhóirí oifige chun críocha na nAchtanna um Eitic ([Caibidil 1, 'Achtanna um Eitic', Tuarascáil Bhliantúil 2005](#)); Chinn an tAire Airgeadais gan na rúnta a thairiscint ([Caibidil 4, 'Leasuithe a mholtar a dhéanamh ar na hAchtanna um Eitic', Tuarascáil Bhliantúil 2008](#));
- leasuithe ar na teorainneacha ama faoina mbeidh dearbhuithe reachtúla, deimhnithe imréitigh cánach agus ráitis iarratais le déanamh nó le heisiúint agus le cur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán ag comhaltaí tofa agus ag daoine a cheapfar i bpoist shinsearacha agus i stiúrthóireachtaí sa tseirbhís phoiblí ([Caibidil 1, 'Tax Clearance Provisions - observations to the Minister for Finance' Tuarascáil Bhliantúil 2003](#));
- leasaítear leis Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008 an spriocdháta maidir le dearbhú reachtúil a bheidh le déanamh ag duine a bheidh molta le ceapadh in oifig bhreithiúnach ó mhí amháin go dtí trí mhí; tá foráil cosúil leis sin ag teastáil do chomhaltaí tofa agus d'fhostaithe sinsearacha sa tseirbhís phoiblí ([Aguisín 4, 'Leasuithe a mholtar a dhéanamh ar na hAchtanna um Eitic agus ar reachtaíocht ghaolmhar', Tuarascáil Bhliantúil 2009](#));
- cód iompraíochta a ghlacadh d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí agus do chomhaltaí ar bhoird stáit sa tseirbhís phoiblí ar bhonn níos leithne ([Caibidil 1, 'Codes of Conduct for Public Servants', Tuarascáil Bhliantúil 2003](#)).

Reachtaíocht a mholtar maidir le nithe a nochtadh ar mhaithe le leas an phobail

- dlí cuimsitheach maidir le gníomhartha éigearta a nochtadh ar mhaithe le leas an phobail agus maidir le cosaint a thabhairt do dhaoine a dhéanann amhlaidh ([Caibidil 2, 'Ag Nochtadh Gníomhartha Éigearta', Tuarascáil Bhliantúil 2009](#));

Leasú maidir le nósanna imeachta a mholtar a dhéanamh ar na hAchtanna Toghcháin

- Mar an comhlacht a bhfuil freagracht air as maoirseacht a dhéanamh ar na hAchtanna Toghcháin, ba chóir go mbeadh bonn reachtúil ag an gCoimisiún um Chaighdeán le hathbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht agus a thorthaí a thuairisciú ([Athbhreithniú ar na hAchtanna Toghcháin 2003](#)).

Leasú a mholtar a dhéanamh ar na hAchtanna Toghcháin maidir leis an tréimhse toghcháin

- Ba chóir cuimhneamh ar roinnt cuntasachta a fhorchur, i gcomhthéacs na dteorainneacha caiteachais, i leith tréimhse sonraithe roimh thosach feidhme na tréimhse toghcháin arna sainmhíniú leis an dlí (.i. go bhféadfaí síneadh a chur leis an tréimhse toghcháin ionas go n-áireofaí tréimhse roimh lánscor na Dála nó sula dtáirgtear eascaire ag toghchán) ([Athbhreithniú ar na hAchtanna Toghcháin 2003](#)).

Leasú a mholtar a dhéanamh ar na hAchtanna Toghcháin maidir le Tríú páirtithe

- Níor chóir an sainmhíniú ar a bhfuil i gceist le “tríú páirtí” a chinneadh ar bhonn cé acu an bhfuair duine aonair/grúpa síntiús ach ba chóir go mbeadh an fócas ar chaiteachas ag daoine aonair/grúpaí agus ar iad a mheas mar thríú páirtithe má bhíonn futhu caiteachas a tharraingt orthu féin os cionn tairseach áirithe, abair €5,000, i ndáil le feachtas atá chun críocha polaitíochta faoi mar a shainmhínítear sa reachtaíocht ([Athbhreithniú ar na hAchtanna Toghcháin 2003](#); agus [Tuirisc 2009 faoi thríú páirtithe ag an Reifreann faoi Chonradh Liospóin](#));
- Ba chóir an próiseas clárúcháin do “thríú páirtithe” agus do “dhaoine eile” (a bhfuil futhu speansais toghcháin a tharraingt orthu féin) a chónascadh. (Níor chóir go mbeadh aon ghá ann go gcláródh duine aonair/grúpa mar “thríú páirtí” agus go gcláróidís mar “dhuine eile” freisin). ([Athbhreithniú ar na hAchtanna Toghcháin 2003](#));
- ba cheart go dtabharfaí cead le tríú páirtithe a chlárú le haghaidh feachtais ar leith nó ar bhonn leanúnach ([Tuarascáil 2009 maidir le tríú páirtithe ag an Reifreann faoi Chonradh Liospóin 2008](#)).

Leasú a mholtar a dhéanamh ar na hAchtanna Toghcháin maidir le caiteachas ag reifrinn

- ba chóir go n-éileofaí socrú maidir leis an trédhearcacht i maoiniúchán agus i gcaiteachas ar fheachtais reifrinn, ba chóir go gceanglófaí ar thrú páirtithe agus ar pháirtithe polaitíochta mionsonraí caiteachais ar fheachtais reifrinn a nochtadh. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart go gcuirfí faisnéis ar fáil maidir leis na foinsí maoiniúcháin atá ar fáil do thrú páirtithe agus do pháirtithe polaitíochta araon ([Tuarascáil 2009 maidir le tríú páirtithe ag an Reifreann faoi Chonradh Liospóin 2008](#)).

Leasuithe eile a mholtar a dhéanamh ar na hAchtanna Toghcháin

- ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar smachtbhannaí as gan comhoibriú leis an gCoimisiún um Chaighdeán. Go háirithe, ba cheart go mbeadh sé ina chion loiceadh comhoibriú le fiosrúcháin a dhéanfaidh an Coimisiún um Chaighdeán faoi alt 4(4) den Acht Toghcháin ([Tuarascáil 2009 maidir le tríú páirtithe ag an Reifreann faoi Chonradh Liospóin 2008](#));
- le cothrom na féinne idir iarrthóirí a chinntiú, chomh maith le roinnt trédhearcachta, ba chóir go mbeadh úsáid cistí poiblí chun críocha toghcháin ina cuid den chód toghcháin seachas mar chuid de reachtaíocht eile, ar rí-léir go ngabhann cuspóir ar leithligh ar fad léi. Chaithfí na forálacha, lena bpléitear le soláthar seirbhísí agus áiseanna tar éis lánscor Dháil Éireann ag Coimisiún Thithe an Oireachtais a aisghairm dá bharr sin [(Alt 4(4A) den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2003 (arna leasú le hAlt 4(c) den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2009)] ([Tuirisc faoi Olltoghchán Dála 2007](#)).

Leasú a mholtar a dhéanamh ar an reachtaíocht um Liúntas Ceannairí Páirtí a bhaineann le comhairle a thabhairt

- Ba cheart go mbeadh an Coimisiún um Chaighdeán nó an tAire Airgeadais in ann treoirlínte a fhoilsiú nó comhairle a thabhairt faoin úsáid chuí atá le baint as reachtaíocht um Liúntas Ceannairí Páirtí agus go mbeadh ceangal dlí ag gabháil le treoirlínte agus comhairle den sórt sin i gcás daoine a mbaineann na treoirlínte agus an chomhairle sin leo ([Tuarascáil Bhliantúil 2007](#)).

Aguisín 2 – Foilseacháin an Choimisiúin um Chaighdeán in 2010

- 1.** Tuairisc maidir le síntiúis a nocht Teachtaí Dála, Seanadóirí agus Feisirí Eorpacha i gcomhair 2009 (*Márta 2010*)
- 2.** Tuairisc maidir le Ráitis Síntiús a chuir Páirtithe Polaitíochta ar fáil i gcomhair 2009 (*Bealtaine 2010*)
- 3.** Tuairisc maidir le caiteachas an Liúntais Cheannairí Páirtí 2009 (*Bealtaine 2010*)
- 4.** Tuairisc maidir le Maoiniúchán Státchiste arna fháil ag Páirtithe Polaitíochta i gcomhair 2009 (*Bealtaine 2010*)
- 5.** Tuarascáil Bhliantúil 2009 (*Iúil 2010*)
- 6.** Treoirínite maidir le forálacha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 a chomhlíonadh Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí (8ú hEagrán) (*Meán Fómhair 2010*)
- 7.** Treoirínite maidir le Fothoghchán Dála Dhún na nGall Thiar Theas 2010 (Iarrthóirí agus Gníomhairí Toghcháin) (*Samhain 2010*)
- 8.** Treoirínite maidir le Fothoghchán Dála Dhún na nGall Thiar Theas 2010 (Gníomhairí Náisiúnta) (*Samhain 2010*)

Aguisín 3 – Gluais Téarmaí

Aonad cuntasáíochta Is éard is “aonad cuntasáíochta” páirtí polaitíochta ann ná craobh nó fo-eagraíocht eile de chuid an pháirtí, a fhaigheann, in aon bhliain ar leith, síntiús ar luach os cionn €126.97. Ceanglaítear ar oifigeach cuí páirtí polaitíochta ainm agus seoladh gach aonaid chuntasáíochta de chuid an pháirtí, lena n-áirítear ainm “dhuine freagrach” an pháirtí, a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeán. (Is é an cisteoir nó aon duine eile a bhíonn freagrach as a bheith ag déileáil le síntiúis don aonad an duine freagrach.) (Alt 22(2)(a) den Acht Toghcháin 1997, arna leasú)

Comhairleoir speisialta Tá ag “comhairleoir speisialta” an bhrí a shanntar dó le halt 19 (1) d’Acht 1995, mar atá, duine -

- (a) a shealbhaíonn nó a shealbhaigh post lena mbaineann alt 7(1)(e) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004, agus an duine sin roghnaithe ag sealbhóir oifige go pearsanta, trí nós imeachta seachas nós imeachta iomaíoch, go gceapfaí sa phost sin é nó í, nó
- b) atá nó a bhí fostaithe ag sealbhóir oifige faoi chonradh le haghaidh seirbhísí, agus an duine roghnaithe ag sealbhóir oifige go pearsanta trí nós imeachta seachas nós imeachta iomaíoch go mbronnfaí an conradh air nó uirthi,

agus arb é nó arbh é a fheidhm nó a príomhfheidhm nó a feidhm nó a príomhfheidhm mar dhuine den sórt sin comhairle nó cúnamh eile a sholáthar don sealbhóir oifige (Alt 19 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995) (Áirítear freisin le comhairleoir speisialta duine arna cheapadh, trí ordú Rialtais, de bhun alt 11 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí).

Duine Nasctha

“Cinnfear aon cheist, maidir le cibé acu an bhfuil duine nasctha le duine eile, de réir na bhforálacha seo a leanas

den mhír seo (glactar leis go gciallaíonn aon fhoráil go bhfuil duine amháin nasctha le duine eile go bhfuil an duine eile sin nasctha leis an duine a luadh ar dtús freisin)

-

- (i) tá duine nasctha le duine aonair más duine muinteartha an duine sin leis an duine aonair;
- (ii) tá duine, ina cháil nó ina cáil mar iontaobhaí iontaobhais, bainteach le duine aonair ar tairbhí den iontaobhas é nó í nó aon duine dá chuid leanaí nó dá cuid leanaí nó ar ina leith is tairbhí den iontaobhas aon chomhlacht corpraithe atá faoina rialú,
- (iii) duine atá nasctha le haon duine lena bhfuil sé nó sí i bpáirtneireacht,
- (iv) tá cuideachta nasctha le duine eile má bhíonn an chuideachta sin faoi rialú an duine sin nó má bhíonn an chuideachta faoi rialú an duine sin in éineacht le daoine atá bainteach leis an duine sin,
- (v) maidir le haon bheirt nó líon is mó ná beirt a ghníomhóidh le chéile chun a dhaingniú go mbeidh cuideachta faoina rialú, nó chun rialú a dhéanamh ar chuideachta, caithfear leo, i ndáil leis an gcuideachta sin, mar dhaoine atá nasctha le chéile agus le haon duine a ghníomhóidh ar threoracha aon duine díobh chun a dhaingniú go mbeidh an chuideachta faoina rialú, nó chun rialú a dhéanamh ar an gcuideachta". (Alt 2(2)(b) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995)

Duine sonraithe

sealbhóir oifige nó sealbhóir oifig an Ard-Aighne nach bhfuil ina chomhalta nó ina comhalta den Oireachtas; comhairleoir speisialta; stiúrthóir ainmnithe nó fostaí ainmnithe comhlachta poiblí; stiúrthóir nó fostaí comhlachta poiblí. (Alt 4(6)(a) den Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001)

Gníomh sonraithe

gníomh nó neamhghníomh arb amhlaidh é, nó na himthosca a bhaineann leis, go bhfuil sé ar neamhréir

leis an duine sonraithe do chomhlíonadh go cuí fheidhmeanna na hoifige nó an phoist ar faoina treoir nó faoina threoir sin is duine den sórt sin é nó í nó go bhfuil sé ar neamhréir le muinín an phobail ghinearálta i bhfeidhmíocht den sórt a choinneáil ar bun, agus go mbaineann tábhacht poiblí suntasach leis an scéal. (Alt 4(1)(a) den Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001)

Leas ábhartha

“Tá leas ábhartha i ní ag duine nó ag duine bainteach más rud é -

- (a) gurb é is toradh nó is éifeacht do dhuine do chomhlíonadh feidhme de chuid a oifige nó a hoifige, a stiúrtóireachta, a phoist ainmnithe nó a poist ainmnithe nó a phoist nó a poist mar chomhairleoir speisialta, de réir mar a bheidh, nó
- b) gurb é is toradh nó is éifeacht d'aon chinneadh arna dhéanamh i ndáil leis an duine do chomhlíonadh feidhme den sórt sin nó i gcúrsa an duine sin do chomhlíonadh feidhme den sórt sin nó de thoradh an duine sin feidhm den sórt sin a chomhlíonadh,

go dtabharfaí sochar suntasach don duine nó don duine bainteach nó go gcoimeádfaí tairbhe shuntasach siar ón duine nó ón duine nasctha gan í a thabhairt freisin, nó gan í a choimeád siar freisin, do dhaoine i gcoitinne nó uathu nó d'aicme daoine nó ó aicme daoine atá sách líonmhar ag féachaint do na cúinsí go léir agus ar duine den aicme sin an duine nó an duine bainteach”. (Alt 2(3) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995)

(NB. tá feidhm ag an sainmhíniú seo seachas i ndáil le leas ábhartha de chuid comhalta den Oireachtas in imeachtaí Oireachtais i gcás lena mbaineann forálacha alt 7(3) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995.)

Páirtneir sibhialta

“ciallaíonn ‘páirtneir sibhialta’, i ndáil le duine, páirtneir sibhialta de réir bhrí an Achta um Páirtneireacht Sibhialta agus Cearta agus Oibleagáidí Áirithe Comháiritheoirí 2010 ach ní áirítear leis páirtneir sibhialta atá ina chónaí

nó ina cónaí ar leithligh agus scartha ón duine” (Alt 97(2) agus Cuid a hAon den Sceideal, an tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus Cearta agus Oibleagáidí Áirithe Comháitritheoirí 2010);

“Chun críocha an Achta seo is páirtnéir sibhialta ceachtar de bheirt den inscne chéanna atá (a) ina bpáirtithe i gclárúchán páirtnéireachta sibhialta nach bhfuil lánscaoilte nó ina ábhar foraithe neamhnithe, nó (b) ina bpáirtithe i gcaidreamh dlíthiúil d'aicme is ábhar d'ordú arna dhéanamh faoi alt 5 nach bhfuil lánscaoilte nó ina ábhar foraithe neamhnithe” (Alt 3, an tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus Cearta agus Oibleagáidí Áirithe Comháitritheoirí 2010)

Post Ainmnithe

“i ndáil le comhlacht poiblí, ciallaíonn post forordaithe fostaíochta sa chomhlacht sin” (Alt 2(1) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995)

Rialú

“tá an bhrí leis a shanntar dó le hAlt 157 den Acht Cánach Corparáide 1976, arna leasú, agus forléireofar aon fhocail ghaolmhara dá réir” (alt 1, an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995). Tagraítear in alt 157 den Acht Cánach Corparáide 1976, arna leasú, d'alt 102 den Acht sin faoi seach, a athachtaíodh ina dhiaidh sin in alt 432 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, lena bhforáiltear -

“go measfar cuideachta a bheith faoi rialú duine má dhéanann sé rialú nó má tá ar a chumas rialú a dhéanamh, go díreach nó go neamhdhíreach, ar ghnóthaí na cuideachta, nó má tá sé i dteideal an rialú sin a fháil, agus go háirithe, ach gan dochar do ghinearáltacht na bhfocal sin roimhe seo, má shealbhaíonn sé nó má bhíonn sé i dteideal go bhfaigheadh sé—

- (a) an chuid is mó de scairchaipiteal nó de scairchaipiteal eisithe na cuideachta nó den chumhacht vótála sa chuideachta; nó
- b) cibé cuid de scairchaipiteal eisithe na cuideachta a thabharfadh teideal dó, dá ndéanfaí ioncam

uile na cuideachta a dháileadh iarbhír ar na rannpháirtithe (ar neamhshuim le haon chearta atá aige féin nó ag aon duine eile mar chreidiúnaí iasachta), an chuid is mó den méid a dáileadh amhlaidh a fháil; nó

- (c) cibé cearta a thabharfadh teideal dó, i gcás an chuideachta a fhoirceannadh nó in aon imthosca eile, an chuid is mó de shócmhainní na cuideachta a bheadh inchomhairimh an tráth sin le dáileadh ar na rannpháirtithe a fháil". (Alt 2(2)(b) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995)

Sealbhóir oifige

Aire Rialtais; Aire Stáit; an tArd-Aighne; an Ceann Comhairle, an Leas-Cheann Comhairle; Cathaoirleach Sheanad Éireann agus Leas-Chathaoirleach Sheanad Éireann (Alt 2(1) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995)

Síntiús

ciallaíonn síntiús “aon ranníocaíocht a thugann aon duine, cibé acu an comhalta de pháirtí polaitíochta é nó í nó nach ea, chun críocha polaitíochta...” [Ciallaíonn “duine” pearsa aonair, comhlacht corpraithe nó comhlacht neamhchorpraithe daoine. Áirítear páirtí polaitíochta agus aon cheann dá chuid fo-eagraíochtaí le comhlacht neamhchorpraithe daoine.] Féadfadh na nithe seo a leanas a áireamh mar shíntiús -

- (i) síntiús airgid (lena n-áirítear airgead a thug páirtí polaitíochta do Theachta Dála, do Sheanadóir nó d'Fheisire Eorpach nó d'iarrthóir ag toghchán);
- (ii) síntiús maoiné nó earraí;
- (iii) úsáid a bhaint as maoin nó as earraí saor in aisce;
- (iv) soláthar seirbhísí saor in aisce;
- (v) an difríocht idir praghas tráchtála agus an praghas (níos ísle) a ghearrtar ar mhaoín, ar earraí nó ar sheirbhísí;
- (vi) síntiús arna fháil trí ranníocaíocht a tugadh i dtreo an ghlanbhrabúis ó imeacht tiomsaithe airgid arna eagrú ar mhaithe le hiarrthóir. (Alt 22(2)(a) den Acht Toghcháin 1997, arna leasú)

Stiúrthóir

“ciallaíonn stiúrthóir de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 1990, ach áirítear leis an téarma, i gcás comhlachta poiblí nach cuideachta é (de réir bhrí Acht na gCuideachtaí 1963) agus a shonraítear i bhfomhír (8), (9), (10), (11) nó (12), nó atá forordaithe chun críocha fhomhír (13), de mhír I den Chéad Sceideal, duine atá ina chomhalta nó ina comhalta de nó ina chomhalta nó ina comhalta d’aon bhord nó d’aon chomhlacht eile a rialaíonn, a bhainistíonn nó a riarann é agus forléireofar aon fhocail ghaolmhara dá ré

**Stiúrthóireacht
Ainmnithe**

“i ndáil le comhlacht poiblí, ciallaíonn stiúrthóireacht fhorordaithe ar an gcomhlacht sin” (Alt 2(1) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995)

Triú Páirtithe

Sainmhínítear “triú páirtí” mar aon duine, seachas páirtí polaitíochta nó iarrthóir i dtoghchán, a ghlacann, i mbliain ar leith, le síntiús os cionn luach €126.97. (Meastar gur ranníocaíocht chun críocha polaitíochta atá i ranníocaíocht a thugtar mar thacaíocht d’fheachtas ag reifreann.) (Alt 22(2)(a) den Acht Toghcháin 1997, arna leasú)

Aguisín 4 – Costais in 2010

Leagtar amach an caiteachas a cuireadh síos don Choimisiún um Chaighdeán in 2010 sa tábla thíos. Taispeántar na figiúir i gcomhair 2009 freisin chun críocha comparáide. Déantar socrú don chaiteachas i bhFocheann B de Vóta 18 [Ombudsman].

	2010 €000	2009 €000
Tuarastail Foirne	584	685
Taisteal agus Costais	6	3
Speansais Theagmhasacha	76	65
Teileachumarsáidí Postais	17	19
Innealra Oifige agus Soláthairtí Eile Oifige	48	39
Áitreabh Oifige	36	30
Táillí Sainchomhairliúcháin	19	8
Táillí Díl	76	6
Iomlán	862	855

Aguisín 5 – Tuairisc Bhliantúil maidir leis an Éifeachtúlacht Fuinnimh

Soláthraíonn Oifig an Ombudsman an rúnaíocht don Choimisiún um Chaighdeáin ag a cuid oifigí in 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, ina bhfuil Oifig an Choimisinéara Faisnéise, Oifig an Choimisinéara Faisnéise Comhshaoil agus an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí freisin. Sa tuairisc seo, cuirtear síos go mion ar an úsáid a bhain an Coimisiún um Chaighdeáin go sonrach as fuinneamh in 2010 agus soláthraítear léargas ginearálta ar ghníomhartha a rinneadh in 2010 agus atá pleanáilte i gcomhair 2011 trasna na hoifige ar fad.

Léargas Ginearálta ar an Úsáid Fuinnimh in 2010

D'ídh an Coimisiún um Chaighdeáin 111.98 MWh d'fhuinneamh in 2010, a bhí comhdhéanta mar seo a leanas:

74.77 MWh de leictreachas;
37.21 MWh de bhreoslaí iontaise.

Gníomhartha a rinneadh in 2010 agus atá pleanáilte i gcomhair 2011

Rith an t-aonad soláthair in Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) próiseas tairisceana anuraidh do sholáthraithe fuinnimh, próiseas ar iarradh ar Oifig an Ombudsman a bheith páirteach ann. De bhun na tairisceana, tá a gcuid soláthraithe gáis agus leictreachais araon athraithe ag an Oifig mar iarracht le costais a laghdú. Déanfaidh OOP monatóireacht ar bhillí freisin lena chinntiú go sroichfidh an tairgeoir an coigilteas atá ag teastáil.

Tá Vector Enterprises ainmnithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí chun Tionscnamh um Chaomhnú Fuinnimh a chur i ngníomh trasna na n-áiseanna a bhíonn á mbainistiú ag OOP. Is é aidhm an tionscnamh laghdú 20% a dhéanamh ar an méid fuinnimh a úsáideann an Oifig agus gach foirgnimh dá mbainistíonn OOP.

Tá ceithre chéim i gceist leis an bplean.

Pleanáil:

Cuirfidh siad tús leis an obair trí iniúchóireacht a dhéanamh ar chórais fuinnimh na hOifige (iniúchóireacht ar fhuinneamh foirgnimh) trí úsáid a bhaint as plean foirgnimh ginearálta. Tabharfar faoi iniúchóireacht ar an méid fuinnimh a úsáidtear lasmuigh d'uireanta oibre

freisin leis an méid fuinnimh a ídítear le linn na n-uaireanta sin a dhéanamh amach;

Feidhmiú:

Méadófar a mhéid is a bheidh an fhoireann ar an eolas faoi chúrsaí maidir le fuinneamh a ídiú agus faoi na bealaí le méid an fhuinnimh a ídítear a laghdú. Cuirfear ábhar ginearálta i láthair na foirne ar fad maidir leis an mbealach a thabharfaidh an Oifig an tionscnamh leis an úsáid fuinneamh a laghdú chun cinn. Tá sé beartaithe go rachfar i mbun feachtais póstaer a scaipfear ar an bhfoireann ar fad, chomh maith le tuairiscí míosúla, le hídiú an fhuinnimh a chur chun suntais. Féadfar scéim gradam a thabhairt isteach chun rannpháirtíocht na foirne a spreagadh;

Cumarsáid:

Áirítear cruinnithe rialta (gach sé seachtaine) le pleananna Vector, agus oifigeach fuinnimh a cheapadh chun dul siar ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn, agus chun measúnacht a dhéanamh ar an monatóireacht leanúnach ar an bhfoirneamh. Soláthraítear an mhonatóireacht sin trí nós cianrochtana. Tá na fothaí leictreachais agus gáis a théann isteach san fhoirgneamh nasctha le ríomhaire lárnach anois a dhéanfaidh an méid fuinnimh a ídeofar in aghaidh na seachtaine agus in aghaidh na míosa a thaifeadadh. Taispeánfar próifíleanna de na taifeadtaí sin d'oifigeach fuinnimh a cheapfar san fhoirgneamh ábhartha;

Athbhreithniú:

Tabharfar faoi athbhreithniú lena chinntiú go mbeifear ag feabhsú an scéil ó thaobh úsáid an fhuinnimh go leanúnach. Is é an aidhm a bheidh ann coigilteas 20% a bhaint amach ó thaobh líon na n-astaíochtaí CO₂ in 2011, rud a laghdóidh billí fuinnimh na hOifige faoi seach.

